



An tÚdarás Árachas Sláinte  
The Health Insurance Authority

2015  
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

## **An tÚdarás Árachas Sláinte**

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)

Suíomh Gréasáin: [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

*Is an muileann páipéir ina n-úsáidtear laíon adhmaid as foraois inbhuanaithe mharthanach a foinsíodh an páipéar a úsáideadh chun an tuarascáil seo a phrionáil. Níor úsáideadh clóirín sa phróiseas tuartha.*

# Clár Ábhar

<b>1. Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>2</b>
<b>2. Baill agus Lucht Bainistíochta an Údaráis</b>	<b>4</b>
Baill	4
An Lucht Bainistíochta	6
<b>3. Feidhmeanna an Údaráis</b>	<b>8</b>
3.1 Rialáil	10
3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	10
3.1.2 Forbairtí Rialála sa bhliain 2015	10
3.1.3 Scéim na hÉireann um Chothromú Fiontar	11
3.1.4 An Ciste um Chothromú Fiontar (“CCF”)	14
3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	14
3.1.6 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte	14
3.2 Taighde agus Comhairle	15
3.2.1 Faireachán a Dhéanamh ar an Margadh Árachais Sláinte	15
3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachas Sláinte	18
3.2.3 Taighde coimisiúnaithe eile	18
3.2.4 Árachas Sláinte Uilechoiteann (ÁSU)	18
3.3 Leas Thomhaltóirí	19
3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí	19
3.3.2 Suíomh Gréasáin	20
<b>4. Gnóthaí Corparáideacha</b>	<b>21</b>
4.1 Straitéis	21
4.2 Rialachas Corparáideach	22
4.3 Acmhainní	25
<b>5. Tuarascáil agus Cuntais 2015</b>	<b>26</b>
5.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte	26
5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar	46
<b>6. Aguisíní</b>	<b>59</b>
Aguisín A – Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2015	59
Aguisín B – Éagsúlacht éilimh de réir aoise	61
Aguisín C - Struchtúr Aoise an Mhargaidh	62
Aguisín D - Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2015	63
Aguisín E - Freastal ar Chruinnithe de chuid an Údaráis sa bhliain 2015	64
Freastal ar Chruinnithe de chuid an Choiste Iniúcháireachta sa bhliain 2015	64
Aguisín F - Rátaí Cothromú Fiontar	65
Aguisín G - Staitisticí maidir leis an Rátáil Phobail Saoil	68

# 1 Ráiteas an Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 a chur i láthair.

Bhí an bhliain sin ina bliain shuntasach eile maidir le rialáil an mhargaidh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn agus maidir le hobair an Údaráis. Tháinig lódálacha rátáil phobail saoil ar phréimheanna i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2015 tar éis don Aire Sláinte ionstraim reachtúil a shíniú i mí Iúil 2014 (I.R. Uimh. 312 de 2014). Tugadh an rátáil phobail saoil isteach chun daoine a spreagadh árachais sláinte príobháideach a cheannach agus iad níos óige, rud a chabhróidh le hinbhuanaitheacht an mhargaidh a fheabhsú agus le boilsciú préimhe a rialú. Reáchtáil an tÚdarás feachtas fairsing faisnéise poiblí roimh an 30 Aibreán, arbh é an dáta deiridh é.

Mar bheart eile chun dul i bhfód ar an margadh a mhéadú i measc daoine óga, tugadh isteach leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2014 scála aistriitheach lascaíní préimhe d’aoisigh óga sa raon aoise 18-25 bliain. Sa chás go roghnóidh árachóir na rátaí lascaínithe a chur i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2015, mar sin, ní mór feidhm a bheith ag na rátaí lascaínithe sin maidir le gach raon aoise. Tar éis don Aire ionstraim reachtúil a shíniú i mí an Mhárta 2015, laghdaíodh tréimhsí feithimh do na daoine is sine go dtí an fad ama céanna atá i bhfeidhm do dhaoine níos óige. Tháinig an t-athrú sin in éifeacht an 1 Bealtaine 2015. Tugadh isteach leis an ionstraim reachtúil freisin do chearta le haghaidh lánchumhdach láithreach do leanaí uchtaithe a cuireadh le polasaí árachais laistigh de 13 seachtaine ón dáta a uchtaíodh iad.

Tá an tÚdarás freagrach as an Scéim um Chothromú Fiontar a riar agus a chothabháil, rud atá ríthábhachtach don rátáil phobail. Tríd an Scéim, ní mór d’árachóirí ráta préimhe aonair a chur i bhfeidhm do gach táirge, beag beann ar aois, ar inscne agus ar stádas sláinte an árachá. Is ar áireamh sa Tuarascáil seo atá cuntais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain 2015, rud a cuireadh ar bun faoin Scéim. Tá sreafaí airgid thirim ar fiú thart ar €1 billiún iad i gceist leis an gCiste faoi láthair. Bainistítear é ar an mbonn go mbeidh an t-ioncam agus na heisiocaíochtaí comhionann le chéile le himeacht ama, agus aon bharrachas réamh-mheasta nó aon easnamh réamh-mheasta á gcur san áireamh in athbhreithniú bliantúil an Údaráis agus sna moltaí a chuireann sé in iúl don Aire.

Le linn na bliana 2015, fógraíodh an Scéim um Chothromú Fiontar 2016-2020 don Choimisiún Eorpach mar chineál Státchabhrach atá ag luí leis an margadh inmheánach. I mí Feabhra 2016, luaigh an Coimisiún Eorpach nach ndéanfadh sé aon agóid in aghaidh na Scéime cabhrach fógartha. I gcomparáid leis an Scéim 2013 – 2015 a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana, beidh an Scéim nua i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana. Cé go gceadaítear leis na hAchtanna Árachais Sláinte do thomhaltóirí táirgí agus árachóirí a athrú gan tréimhse feithimh a chur isteach don leibhéal cumhdaigh a bhí acu cheana féin, tá fianaise ann go bhfuil drogall ar thomhaltóirí áirithe – na tomhaltóirí is laige sláinte, b’fhéidir – an t-athrú sin a dhéanamh, fiú amháin chun coigilteas ábhartha costais a bhaint amach. Má táthar chun an fiontar a chothromú ar bhealach níos fearr maidir leis na hárachóirí is laige sláinte a árachú ar fud na raonta aoise uile, beidh gá ann le sonraí faoi ghrúpaí a bhaineann le diagnóis a thaifeadh agus a chur isteach ar bhonn comhsheasmhach ar fud na n-ospidéal uile. Tá an tÚdarás ar feitheamh tuilleadh forbairtí ina leith sin.

Chabhraigh feabhsuithe leanúnacha sa mhórgheilleagar leis an margadh le haghaidh árachais sláinte príobháideach. Bhí 2.12m duine (46% den daonra) árachaithe ag deireadh na bliana 2015. B’ionann é sin agus méadú 97,000 duine ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Den chuid ba mhó, tháinig an méadú as teaghlaim den fhostaíocht mhéadaithe sa gheilleagar agus de thabhairt isteach na rátála pobail saoil. Táthar dóchasach go gcuirfidh tionchar leanúnach an tionscnaimh dheiridh sin leis an margadh a chobhsú ach an sreabhadh custaiméirí nua agus custaiméirí óga a mhéadú.

Coimisiúnaíonn an tÚdarás taighde ar an margadh árachais sláinte gach dhá bhliain. Coimisiúnaíodh an taighde ba dhéanaí ag deireadh na bliana 2015. Foilsíodh an tuarascáil in Earrach na bliana 2016 agus soláthraítear

faisnéis luachmhar inti faoin margadh árachais sláinte, lena n-áirítear treochtaí a braitheadh le himeacht ama. I gcomparáid leis na torthaí sa bhliain 2013, bhí sástacht mhéadaithe ann i measc custaiméirí le gach gné d'árachais sláinte sa bhliain 2015. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an tÚdarás taighde, ar tugadh faoi i r.í Lúnasa/ mí Mheán Fómhair 2015, ar an dearcadh atá ag an bpobal i leith na bprionsabal is bonn don chreat rialála reatha le haghaidh árachais sláinte. Bhí tacaíocht láidir ann don bheartas ina luaitear nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir costais árachais sláinte bunaithe ar aois, ar shláinte ná ar inscne. D'aontaigh trí cheathrú de dhaoine gur cheart leanúint ar aghaidh leis an mbeartas sin.

Bíonn an-tóir ag daoine den phobal go fóill ar an bhfeidhm faisnéise do thomhaltóirí atá i bhfeidhm ag an Údarás. Bhí 435,000 teagmháil le tomhaltóirí ann le linn na bliana 2015. Ba trí shuíomh Gréasáin rathúil an Údaráis a rinneadh formhór na dteagmhálacha sin, ach rinneadh iad trí theagmháil dhíreach le foireann an Údaráis freisin. Cuireann an fhaisnéis atá ar fáil ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir sochair agus praghsanna ar fud raon iomlán na bpleananna árachais sláinte atá á dtairiscint ag árachóirí. Is é is aidhm don fhaisnéis cabhrú le tomhaltóirí an polasaí is oiriúnaí a rochtain ag an bpréimh is iomaíche. Cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil ar bhealaí eile freisin, amhail na meáin, leabhráin faisnéise do thomhaltóirí a dháileadh, agus ábhar a ghabhann le ráitis athnuachana a eisiúint árachóirí.

Le linn na bliana 2015, d'fhorbair an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse trí bliana idir 2016 agus 2018. Leagtar amach sa phlean an Misean, na Croíluachanna, an Fhís, na Spriocanna agus na Cuspóirí Straitéiseacha atá ag an Údarás. Cuireadh an plean le chéile bunaithe ar athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach an Údaráis don tréimhse idir 2012 agus 2014 agus bunaithe ar shraith ceardlann straitéise ina raibh lucht bainistíochta an Údaráis agus Baill an Údaráis páirteach.

Tháinig na téarmaí ceapacháin do gach duine den chúigear Ball den Údarás chun deiridh an 31 Eanáir 2016. Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas na mBall sin den Údarás atá ag dul as oifig - an tUasal J. Joyce (Cathaoirleach), an tUasal D. Curtin, an tOllamh A. Staines agus an tUasal P. Turpin. Gabhaim buíochas leo as a gcuid seirbhíse. Rinne an tAire an tUasal S. Coyle, an Dochtúir F. Kiernan agus an tUasal J. A. McNamara a cheapadh mar Bhaill den Údarás ón 1 Feabhra 2016 agus an tUasal Ian Britchfield ón 20 Meitheamh 2016. Guím gach rath orthu ina ról nua agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo. Rinne an tAire mé a athcheapadh an 1 Feabhra 2016 freisin. Thar ceann na mball sin den Údarás atá ag dul as oifig, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dochtúir Leo Varadkar TD, an tAire Sláinte, agus le feidhmeannaigh sa Roinn Sláinte as a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, cuireann an tÚdarás buíochas in iúl as an obair a rinne foireann an Údaráis agus as an tiomantas a léirigh siad le linn na bliana 2015.



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach  
30 Meitheamh 2016

# 2 Baill agus Lucht Bainistíochta an Údaráis

## Baill

Is é an tAire Sláinte (“an tAire”) a cheapann Baill an Údaráis ar feadh téarmaí nach faide ná cúig bliana. Is iad seo a leanas Baill an Údaráis:



### An tUasal Ian Britchfield

Tá taithe 24 bliana ag an Uas. Britchfield sna tionscail árachais agus athárachais. Tá sé ina Chomhalta d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina bhall d’Institiúid na Stiúrthóirí.

Gníomhaíonn sé mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách le haghaidh roinnt cuideachtaí san earnáil árachais/athárachais. Roimhe sin, chaith sé breis agus deich mbliana ag obair do Renaissance Reinsurance, áit a raibh sé ar an Stiúrthóir Bainistíochta le haghaidh a oibríochtaí in Éirinn. Roimhe sin fós, d’oibrigh sé mar Stiúrthóir Airgeadais do Aon Insurance Managers. Chaith sé an chéad seacht mbliana dá ghairm ag obair do PricewaterhouseCoopers in Éirinn agus i mBeirmiúda.



### An tUasal Sean Coyle – Ceapadh é an 1 Feabhra 2016

Tá an tUasal Coyle ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an Rannóg Slabhra Soláthair in UDG Healthcare plc faoi láthair. Tar éis gnó United Drug a dhíol le McKesson, éireoidh sé ina Stiúrthóir Airgeadais ar an nGrúpa. Sular thosaigh sé ag obair le UDG Healthcare plc, bhí roinnt ról sinsearach airgeadais agus tráchtála aige in Aer Lingus plc agus i Ryanair Holdings plc, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais agus ina Stiúrthóir ar Ioncam Sceidealta faoi seach. Is Comhalta d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn é agus chuir sé a chuid oiliúna i gcrích le KPMG. Tá ionadaíocht déanta aige d’Éirinn ar Chumann Dáileoírí Cúram Sláinte na hEorpa agus tá sé cleachta le samhla éagsúla cúram sláinte ar fud na hEorpa.



### An Dochtúir Fiona Kiernan – Ceapadh í an 1 Feabhra 2016

Tá an Dochtúir Fiona Kiernan ina Lia Comhairleach san Ainéistéise agus sa Mhíochaine Dianchúraim in Ospidéal Beaumont. Is Comhalta de Choláiste Ainéistéisithe na hÉireann í. Taobh leis an gcéim atá aici sa mhíochaine, tá Máistreacht aici san Eacnamaíocht, Beartas agus Bainistíocht Sláinte ó Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londan. Tá sí ag tabhairt faoi dhochtúireacht san Eacnamaíocht leis an Roinn Eacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi láthair. Tá léachtaí tugtha aici i gColáiste na nAinéistéisithe ar ábhair a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus leis an eacnamaíocht sláinte. Tá cur i láthair tugtha aici ar bhonn idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann le húsáid cúram sláinte agus le rochtain ar chúram sláinte freisin. Tá sí i mbun taighde faoi láthair ar an ngaol idir ioncam agus sláinte in Éirinn agus ar thomhas feidhmíochta an chórais sláinte in ospidéal na hÉireann.



**Sheelagh Malin Uasal** – Ceapadh í an 6 Bealtaine 2010 agus athcheapadh í an 1 Feabhra 2016

Tá Sheelagh Malin Uasal ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá níos mó ná 25 bliain caite aici i ról bhainistíochta sa tionscal árachas saoil, lena n-áirítear i ról mar Stiúrthóir Bainistíochta, mar Stiúrthóir Airgeadais agus mar Oifigeach um Chomhlíonadh agus i ról forbartha agus margaíochta táirgí. Tá páirt glactha aici i meithleacha oibre achtúireacha um thuairisciú airgeadais, um fhorchoimeád speansas agus um fhaisnéis do thomhaltóirí.



**An tUasal James A. McNamara** – Ceapadh é an 1 Feabhra 2016

Tá an tUasal McNamara ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, ón mbliain 1992. Bhí sé ina bhall de roinnt comhlachtaí comhairleacha náisiúnta don Roinn Sláinte agus Leanaí cheana féin, Grúpa na Straitéise Náisiúnta Cardashoithíche (1998) agus Comhairle na nOspidéal (2004) ina measc. Ceapadh é chuig an bhFoireann um Bainistíocht Athraithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa bhliain 2004, agus é de dhualgas ar an bhFoireann bunathrú chóras cúram sláinte na hÉireann a phleanáil. Bhainistigh sé foireann na hOifige Náisiúnta Ospidéal sa ról sin. Chaith sé sé bliana mar bhall de bhord Sheirbhís Fuilaisríocháin na hÉireann agus bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Airgeadais an Bhoird sin le roinnt blianta. Bhí sé ina bhall de bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2010. Rinne sé cathaoirleacht ar choiste iniúchóireachta an Údaráis freisin. Tá céim MSc aige sa Chleachtas Bainistíochta ó Choláiste na Tríonóide agus ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann. San am i láthair, tá sé ag tabhairt faoi dhochtúireacht sa Riarachán Gnó ag Coláiste Bainistíochta Henley agus ag Ollscoil Reading i Londain.

**An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)** – Tháinig a Théarma Oifige chun deiridh an 31 Eanáir 2016

**An tUasal Dónall Curtin** – Tháinig a Théarma Oifige chun deiridh an 31 Eanáir 2016

**An tOllamh Anthony Staines** – Tháinig a Théarma Oifige chun deiridh an 31 Eanáir 2016

**An tUasal Paul Turpin** – Tháinig a Théarma Oifige chun deiridh an 31 Eanáir 2016

## An Lucht Bainistóchta

Is iad seo a leanas na baill de Lucht Bainistóchta an Údaráis:



### An tUasal Don Gallagher

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Tá céim MSc ag an Uasal Gallagher sa Bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Príomhfheidhmeannach idirnáisiúnta é a bhfuil an-taithí aige agus a bhfuil bainistiú déanta aige ar chuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta árachais agus bainistíocht saibhris. D'fhóin sé ar Bhoird na gcuideachtaí sin freisin. Níos déanaí fós, bhí an tUasal Gallagher ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhochuideachta Eorpach de chuid príomhárachóra saoil dhomhanda. Roimhe sin, bhí an tUasal Gallagher ina Leas-Uachtarán Sinsearach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar mhórárachóir saoil Ceanadach in Éirinn agus i gCeanada araon.



### An tUasal Eamonn Horgan

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí an Údaráis

Tá Máistreacht bainte amach ag an Uasal Horgan san Eolaíocht, mar aon le cáilíochtaí iarchéime sa ghnó, san airgeadas agus sa rialachas corparáideach. Bhí poist bhainistíochta oibríochtaí agus táirgeachta aige sa tionscal príobháideach sular thosaigh sé ag obair leis an Údarás mar Bhainisteoir Gnóthaí Corparáideacha.



### An tUasal Brendan Lynch

Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla

Is eacnamaí agus aturnaí cáilithe é an tUasal Lynch. Tá Máistreacht aige san Eacnamaíocht, mar aon le Diplóma sa Dlí Eorpach. D'oibrigh sé mar shainchomhairleoir eacnamaíoch, mar eacnamaí stocbhróicéara, agus mar chomhairleoir eacnamaíoch don Aire Airgeadais roimhe seo.



### Corrinna Nolan Uasal

Cuntasóir – Ceapadh í an 25 Aibreán 2016

Tá céim BA ag Corrinna Nolan Uasal sa Chuntasaíocht agus Acmhainní Daonna agus is ball d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus d'Institiúid Árachais na hÉireann araon í. Sular thosaigh sí ag obair leis an Údarás, d'oibrigh sí leis an Rannóg Maoirseachta Árachais i mBanc Ceannais na hÉireann. Bhí ról aici roimhe sin san fheidhm iniúchóireachta seirbhísí airgeadais freisin.





**An tUasal Michael Ó Briain**  
Ceann Gnóthaí Rialála

Tá an tUasal Ó Briain ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá níos mó ná 30 bliain caite aige i róil bhainistíochta sa tionscal árachas saoil. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ina Achtúire Ceaptha de chuid cuideachta Éireannaí árachas saoil sular thosaigh sé ag obair leis an Údarás.

**An tUasal Colm Farrell - Cuntasóir – D'éirigh sé as an 17 Nollaig 2015**



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:  
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.  
Íosghlao: 1850 929 166  
Teil.: (01) 406 0080  
Facs: (01) 406 0081  
Ríomhphost: [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)  
Suíomh Gréasáin: [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

# 3 Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994. Oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (dá ngairtear le chéile “na hAchtanna Árachais Sláinte”).

Tar éis achtú “an Tríú Treoir um Árachas Neamhshaoil” ón Aontas Eorpach, foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte do ghnó árachais sláinte phríobháidigh a rialáil. Leagtar amach sa Treoir sin na ceanglais mhargaidh inmheánaigh ar gá do na Ballstáit iad a chomhlíonadh i dtaobh árachas neamhshaoil, lena n-áirítear árachas saoil. Leis an reachtaíocht Eorpach sin, ceadaítear do Bhallstát aonair ceanglais shonracha na Treorach a ghlacadh sa tslí is cuí dá gcóras náisiúnta dlíthiúil féin agus dá gcóras náisiúnta cúram sláinte féin.

Is é seo a leanas Príomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

“Is é príomhchuspóir an Achta seo a chinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um chothromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa nó trí bhearta eile, nó trí aon teaghlaim díobh sin a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas fiontar sláinte, ar aois nó ar ghnéas, aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin nó ar cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, agus á chur i gcuntas go háirithe chun críocha an chuspóra sin:

- a) go méadaíonn ar riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar is laige sláinte iad, lena n-áirítear de réir mar a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu,
- b) a inmhianaithe atá sé a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus idirghlúine, agus gan féachaint do stádas fiontar sláinte, nó d’aois, aon ghlúine ar leith (ná aon chuid di) nó do cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, go ndéanfadh daoine árachaithe ualach costas seirbhísí sláinte a chomhroinnt eatarthu trí shocrú a dhéanamh maidir le fóirdheontas costais idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltacht an chuspóra sin, go mbeidh rochtain, go háirithe, ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta, ar chumhdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar,
- c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláraithe aonair agus ar fud an mhargaidh, agus
- d) a thábhachtaí atá sé gnóthais chláraithe a chur ó bheith ag gabháil do chleachtais, nó ó chonarthaí árachais sláinte a thairiscint, cibé tríd an margadh árachais sláinte a dheighilt (trí cibé sás) nó ar shlí eile, a mbeidh mar chuspóir acu nó mar éifeacht leo fabhar a thabhairt do chumhdach a dhéanamh ag na gnóthais ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is láidre sláinte lena n-áirítear daoine óga, ar chumhdach a dhéanamh ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”

Is é atá i gceist le rátáil phobail ná bearta a chuirtear i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, d’fhonn an príomhchuspóir a bhaint amach.

<sup>1</sup> An tOrdú um an Acht Árachais Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), 2001 (I.R. Uimh. 40 de 2001) freisin.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Faireachán a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratais uaidh nó uaithi, nó ar a thionscnamh féin) i dtaobh cúrsaí árachais sláinte;
- Faireachán a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- Feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le dleacht stampa árachais sláinte agus le creidmheasanna um chothromú fiontar agus maidir leis an scéim um chothromú fiontar;
- Cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”) agus “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil.

Féadfaidh an tÚdarás cibé cumhachtaí is gá a fheidhmiú chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire freagrachtaí breise a leagan ar an Údarás mar a fhoráiltear dóibh sna hAchtanna.

## 3.1 Rialáil

### 3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá an córas rialála i dtaobh árachas sláinte príobháideach na hÉireann bunaithe ar na príomhphrionsabail seo a leanas: rátáil phobail, rollú oscailte, cumhdach saoil agus sochar íosta. Is é an aidhm atá leis a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó ar na daoine a bhfuil an gá is mó acu leis. Is córas neamhchistithe é. Fágann sé sin nach ann do chiste a chuirtear le chéile le linn shaol an áracháí a chumhdaíonn na costais ar éilimh is dóigh a bheidh i gceist. Ina ionad sin, déanann gach árachóir an t-airgead ó árachaithe a chomhthiomsú agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain amháin amach ó na cistí ansin.

Sa chomhthéacs sin, ní mór coincheap na rátála pobail a thuiscint. Fágann sé sin nach bhfuil tionchar díreach ag an leibhéal fiontair a bhaineann le tomhaltóir faoi leith ar an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine i leith plean faoi leith, is cuma cad is aois dó, cén inscne atá i gceist, nó is cuma faoi shláinte reatha an duine nó amach anseo. Tá sé seo faoi réir eisceachtaí maidir le leanáí faoi 18 mbliana, le lascaí do bhail de ghrúpscéimeanna agus d'aoisigh óga, agus le lódálacha rátáil phobail saoil (tháinig an dá eisceacht dheireanacha i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2015).

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach saoil nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarrthóir ar árachas sláinte, ach amháin in imthosca teoranta a shonraítear sa reachtaíocht. Tá an ceart ag gach tomhaltóir freisin a gcuid beartas a athnuachan is cuma cad is aois dó nó is cuma faoi shláinte an duine sin.

Faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, ní mór do gach táirge árachais a sholáthraíonn cumhdach i leith cóireáil ospidéal d'othair chónaitheacha íosleibhéal áirithe sochar a sholáthar. Meastar go bhfuil sé riachtanach íosleibhéal sochar a rialáil mar gheall ar chineál casta agus speisialaithe táirgí árachais sláinte phríobháidigh. Gan rialáil a bheith ann, d'fhéadfadh go soláthrófaí táirgí do thomhaltóirí nach soláthraítear leibhéal cuí cumhdaigh leo.

Tá cothromú fiontar ina phróiseas a thugann aghaidh ar na difríochtaí ar chostais éileamh árachóirí a eascraíonn as athruithe ar shláinte a mball. Baineann cothromú fiontar le hiocaíochtaí le hárachóirí nó uathu maidir le próifíl fiontar a gcuid ball. Is meicníocht choitianta é cothromú fiontar i dtíortha ina bhfuil árachas sláinte faoi réir rátáil phobail.

### 3.1.2 Forbairtí Rialála sa bhliain 2015

#### Rátáil Phobail Saoil

Shínigh an tAire ionstraim reachtúil (I.R. Uimh. 312 de 2014) i mí Iúil 2014, rud lenar achtaíodh lódálacha rátáil phobail saoil ón 1 Bealtaine 2015. Ba é cuspóir an athraithe daoine a spreagadh árachas sláinte príobháideach a cheannach agus iad níos óige, rud a chabhróidh le boillsciú préimhe a rialú.

Bhí tréimhse cairde ann suas go dtí an 30 Aibreán 2015. Tháinig lódálacha i bhfeidhm tar éis an dáta sin. Ón dáta sin i leith, gearrfar lódáil mhalliontrála ar dhaoine atá 35 bliain d'aois agus níos sine atá ag ceannach árachas saoil den chéad uair. Is ionann an lódáil agus 2% den ollphréimh do gach bliain d'aois atá an duine os cionn 34 bliain d'aois tráth a cheannaíonn sé árachas sláinte príobháideach den chéad uair. Tugtar creidmheas as tréimhsí cumhdaigh roimhe sin agus as tréimhsí dífhostaíochta ón mbliain 2008 i leith.

Reáchtáil an tÚdarás feachtas fairsing faisnéise poiblí roimh an 30 Aibreán 2015, arbh é an dáta deiridh é. Thosaigh an tÚdarás ar shonraí faoin rátáil phobail saoil a bhailiú sa bhliain 2015. Cuireann na hárachóirí faisnéis leathbhliantúil isteach faoi líon na mbeathaí árachaithe a bhfuil lódálacha rátáil phobail saoil á n-íoc ina leith agus faoi méid na lódálacha sin. Déantar achoimre ar na sonraí sin in Aguisín G.

#### Rátaí Préimhe d'Aosaigh Óga

Leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2014, tugadh scála aistritheach isteach ón 1 Bealtaine 2015 ar aghaidh le haghaidh rátaí préimhe d'aoisigh óga sa raon aoise 18-25 bliain. Sa chás go roghnóidh árachóir na rátaí lascaí sin a chur i bhfeidhm, ní mór feidhm a bheith ag na rátaí lascaí sin maidir le gach raon aoise. Ón 1 Bealtaine 2015, níl aon cheanglas ar aosach óg a bheith ina mhac léinn nó ina chleithiúnaí chun cáiliú do phréimh lascaí sin.

#### Na Rialacháin um Rollú Oscailte

Shínigh an tAire ionstraim reachtúil (I.R. Uimh. 79 de 2015) i mí an Mhárta 2015, rud a tháinig in éifeacht an 1 Bealtaine 2015. Leis an ionstraim reachtúil sin, laghdaíodh na tréimhsí feithimh do na daoine is sine ionas gurb

ionann iad agus na tréimhsí feithimh atá i bhfeidhm do dhaoine níos óige. Athraíodh an sainmhíniú ar riocht atá ann cheana chun go gcuimseodh sé breoiteacht, tinneas nó riocht mar a raibh na comharthaí nó na siomtóim ann tráth ar bith sa tréimhse ó mhí sular cuireadh tús leis an árachas.

Tugadh isteach leis an ionstraim reachtúil freisin do chearta le haghaidh lánchumhdach láithreach do leanaí uchtaithe a cuireadh le polasaí árachais laistigh de 13 seachtaine ón dáta a uchtaíodh iad.

### Na Rialacháin um Shochar Íosta

Achtaíodh ionstraim reachtúil Uimh. 96 de 2015 an 13 Márta 2015. Leis na rialacháin sin, soiléirítear na híocaíochtaí íosta a bhaineann le seirbhísí sláinte forordaithe a chuireann ospidéal a chistítear go poiblí ar fáil faoi Alt 52(1) agus Alt 55 den Acht Sláinte, 1970.

### Leibhéal Cumhdaigh

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, cinneann an tÚdarás cad iad na cineálacha conarthaí árachais sláinte ar conarthaí Neamh-Bhreisumhdaigh iad. Baineann na leibhéil is ísle de chreidmheasanna um chothromú fiontar agus den tobhach rátáil phobail le conarthaí den sórt sin. De réir an tsainmhíneithe atá ar chonradh Neamh-Bhreisumhdaigh, soláthrófar leis an gconradh do nach mó ná 66% den chostas iomlán ar tháillí ospidéil in ospidéal príobháideach nó nach mó ná na híocaíochtaí íosta forordaithe faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, cibé acu is airde. Más deimhin leis an Údarás gur Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh é cineál conartha árachais sláinte, sonraíonn sé an méid sin i Rialacháin agus ar Chlár na gConarthaí Árachais Sláinte. D'fhógair an tÚdarás ceithre Rialachán le linn na bliana 2015.

Ar an 1 Eanáir 2016, bhí 42 chineál conarthaí árachais sláinte ann ar shonraigh an tÚdarás gur conarthaí Neamh-Bhreisumhdaigh iad. Is ag gach ceann de na Gnóthais Bhallraíochta Oscailte (árachóirí sláinte nach mór dóibh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas sláinte a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar a shonraítear sa reachtaíocht)) atá cineál amháin ar a laghad de Chonradh Neamh-Bhreisumhdaigh. Ar an 1 Eanáir 2016, bhí 318 gcineál conarthaí árachais sláinte ann ar chonarthaí Breisumhdaigh iad.

## 3.1.3 Scéim na hÉireann um Chothromú Fiontar

### An Scéim um Chothromú Fiontar 2013 - 2015

Tugadh Scéim nua um Chothromú Fiontar isteach sa bhliain 2013, rud a ghlac áit an chórais eatramhaigh a bhí i bhfeidhm ó chuir an Chúirt Uachtarach an Scéim um Chothromú Fiontar 2003 ar leataobh sa bhliain 2008. Cheadaigh an Coimisiún Eorpach an Scéim um Chothromú Fiontar 2013 – 2015 mar chineál incheadaithe Státchabhrach atá ag luí le rialacha an mhargaidh inmheánaigh faoin gCreat um Sheirbhísí ar mhaithe leis an Leas Eacnamaíoch i gCoitinne 2012.

Foráiltear leis an Scéim um Chothromú Fiontar go bhfaigheann Gnóthais Bhallraíochta Oscailte préimheanna níos airde i leith na daoine is sine agus na daoine is laige sláinte a árachú, agus an méid níos airde á íoc trí chreidmheasanna um chothromú fiontar ón gCiste um Chothromú Fiontar ("an CCF"). Ar an mbealach sin, íocann gach aosach an méid céanna (glan ar chreidmheasanna préimhe um chothromú fiontar) as leibhéal cumhdaigh ar leith, ach faigheann árachóirí préimheanna níos airde (comhlán ar chreidmheasanna préimhe um chothromú fiontar) i leith daoine níos sine a árachú, go páirteach chun iad a chúiteamh sa leibhéal níos airde éileamh. Tá leibhéal na gcreidmheasanna préimhe leagtha amach in Aguisín F.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den Scéim um Chothromú Fiontar:

- Íoctar creidmheasanna um chothromú fiontar ón CCF atá á oibriú ag an Údarás Árachas Sláinte.
- Tá creidmheasanna um chothromú fiontar iníoctha i leith préimheanna a athraíonn de réir aoise, inscne agus leibhéal cumhdaigh.
- Tá creidmheasanna um chothromú fiontar iníoctha i leith éilimh ospidéil freisin. Go háirithe, tá méid seasta iníoctha ón CCF i leith gach ócáide a fhanann áracháí i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh nó in ospidéal a chistítear go poiblí i gcásanna ina bhfuil muirear i leith fanachta den sórt sin iníoctha faoi Alt 55 den Acht Sláinte, 1970. Laghdaíonn sé sin an costas is gá don árachóir a íoc i leith na daoine is laige sláinte a árachú.

<sup>2</sup> Athraíonn lascaí d'aoisigh óga agus do ghrúpscéimeanna agus lódálacha rátáil phobail saoil na préimheanna atá faoi réir rátáil phobail agus a íocann custaiméirí laistigh de na paraiméadair a shocraítear leis na hAchtanna Árachais Sláinte.

- Aisghabhann an CCF costas na gcreidmheasanna trí thobhach rátáil phobail a athraíonn idir leanaí agus aosaigh agus idir dhá leibhéal cumhdaigh (Breischumhdach agus Neamh-Bhreisumhdach).

Déanann árachóirí fócaíochtaí tobhaigh rátáil phobail a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead sin chuig an CCF. Is as an CCF a íocann an tÚdarás Árachas Sláinte creidmheasanna um chothromú fiontar leis na hárachóirí. Tugtar aon bharrachais nó aon easnamh sa CCF ar aghaidh agus cuirtear san áireamh iad nuair a bhíonn méideanna tobhaigh amach anseo á gcinneadh. Leagtar amach sna hAchtanna Árachais Sláinte an próiseas a bhaineann le creidmheasanna um chothromú fiontar a shocrú:

- Déanann an tÚdarás meastóireacht agus anailís gach sé mhí ar shonraí éileamh faoin bpobal árachaithe agus ar shonraí eile atá sna tuairisceáin a fhaightear ó árachóirí.
- Dhá uair sa bhliain, eisiúnn an tÚdarás tuarascáil chuig an Aire maidir leis an meastóireacht agus leis an anailís a rinne sé ar na tuairisceáin sin. Is é atá sa dara tuarascáil moltaí maidir le méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus méideanna na dtobhach rátáil phobail. Sna moltaí sin, tugtar aird ar phríomhchuspóir na hAchtanna Árachais Sláinte, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann.
- Má mholann an tAire athrú ar na creidmheasanna um chothromú fiontar, déanfaidh sé é sin trí leasuithe a mholadh ar na hAchtanna Árachais Sláinte, áit a sonraítear méideanna na gcreidmheasanna.
- Agus aird á tabhairt aige ar Thuarascáil an Údaráis, ar an bpríomhchuspóir, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann, féadfaidh an tAire moltaí a dhéanamh don Aire Airgeadais maidir le méideanna na dtobhach rátáil phobail, a ndéantar foráil dóibh sna hAchtanna Comhdhlúite Dleachtanna Stampa.
- Tugtar méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus na dtobhach rátáil phobail isteach sa dlí má achtaíonn an tOireachtas iad.

### **Rátaí Cothromú Fiontar a bhí i bhFeidhm sa bhliain 2015**

Is leagtha amach in Aguisín F atá rátaí na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus an tobhaigh rátáil phobail a raibh feidhm acu maidir le conarthaí a tosaíodh agus a athnuadh sa bhliain 2015. I gcás conarthaí a scríobhadh roimh an 1 Márta 2015, socraíodh na creidmheasanna um chothromú fiontar ionas gur ní ba lú ná 133% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa. (Gan cothromú fiontar, ba chomhionann le suas le 400% de mheánráta éilimh an mhargaidh a bheadh meánráta éilimh an mhargaidh do na haoisghrúpaí ba shine).

Socraíodh an tobhach rátáil phobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Bhreisumhdach comhionann le 75% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breischumhdach.

Ón 1 Márta 2015, socraíodh na creidmheasanna aoischoibhneasa do phleananna ionas gur ní ba lú ná 130% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa.

Socraíodh an tobhach rátáil phobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Bhreisumhdach comhionann le 60% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breischumhdach.

### **Rátaí Cothromú Fiontar atá i bhfeidhm ón 1 Márta 2016**

Le linn na bliana 2015, fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don dara leath den bhliain 2014 agus don chéad leath den bhliain 2015 ó gach ceann de na Gnóthais Bhallaíochta Oscailte. Cuireadh tuarascálacha maidir leis na meastóireachtaí agus leis na hanailísí ar na tuairisceáin sin faoi bhráid an Aire i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2015. Áiríodh ar an Tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2015 an moladh ón Údarás maidir le méideanna na

gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus na dTobhach Rátáil Phobail do pholasaithe dar tús an 1 Márta 2016 nó ina dhiaidh.

Ba leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2015 a tugadh éifeacht do na rátaí atá i bhfeidhm ón 1 Márta 2016, agus tá na rátaí sin leagtha amach in Aguisín F. Socraíodh na creidmheasanna sin ionas gur ní ba lú ná 130% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa idir 65-69 bliain agus níos sine. Socraíodh an tobhach rátáil phobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Bhreisumhdaigh comhionann le 50% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breisumhdaigh.

### **Measúnú ar Róchúiteamh**

Ceanglaítear ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an Scéim um Chothromú Fiontar aon árachóir a róchúiteamh.

- Uair amháin sa bhliain, ceanglaítear ar árachóirí cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomhardaithe, sa mhéid is go mbaineann siad le gnó árachais sláinte in Éirinn, a sholáthar don Údarás faoin 1 Bealtaine;
- Déanann an tÚdarás measúnú ar cé acu a rinne nó nach ndearna an scéim um chothromú fiontar aon árachóir a róchúiteamh, a chumasaigh iad níos mó ná brabús réasúnach a thuilleamh. Sainmhínítear brabús réasúnach mar thoradh ar chothromas nach mó ná 12% in aghaidh na bliana ar bhonn rollach trí bliana, ag úsáid caighdeáin fhorghníomhaíochta agus ag féachaint do Chreat an Aontais Eorpaigh maidir le Stáitchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí. Má chinneann an tÚdarás faoi na hAchtanna Árachais Sláinte go ndearnadh árachóir (ar glantairbhí de chuid na scéime um chothromú fiontar é) a róchúiteamh, eiseoidh an tÚdarás dréacht-tuarascáil chuig an árachóir. Cuirfidh an tÚdarás aon aighneacht a fuarthas ón árachóir san áireamh ansin sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh ar cé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann; agus
- Má chinneann an tÚdarás go raibh róchúiteamh ann, eiseoidh sé tuarascáil chuig an Aire agus chuig an árachóir lena mbaineann, tuarascáil ina luafar méid an róchúitimh. Ní mór don árachóir méid an róchúitimh a aisíoc leis an CCF ansin.

Bhain an measúnú bliantúil sa bhliain 2015 leis an tréimhse ama idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Nollaig 2014. Glantairbhí a bhí i ngnóthas amháin, Vhi um Chúram Sláinte, le linn na tréimhse ama sin. Chinn an tÚdarás nach ndearnadh Vhi um Chúram Sláinte a róchúiteamh.

### **An Scéim um Chothromú Fiontar 2016 – 2020**

Fógraíodh an Scéim um Chothromú Fiontar 2016 – 2020 don Choimisiún Eorpach mar chineál Stáitchabhrach atá ag luí leis an margadh inmheánach. Cuirfear an Scéim in áit na Scéime um Chothromú Fiontar 2013 – 2015. Ag teacht sna sála ar idirbheartaíocht idir feidhmeannaigh Éireannacha agus feidhmeannaigh AE, luaigh an Coimisiún Eorpach i mí Feabhra 2016 nach ndéanfaidh sé aon agóid in aghaidh na Scéime cabhrach fógartha. Is iad seo a leanas na príomhdhifríochtaí idir an Scéim um Chothromú Fiontar 2016 – 2020 agus an Scéim um Chothromú Fiontar 2013 – 2015:

- D'fhonn iomaíocht a chosaint, gheall Éire nach mbeadh an glan-mheánchostas réamh-mheasta éilimh le haghaidh aon aoisghrúpa a fhaigheann creidmheasanna aoischoibhneasa faoi bhun 125% de ghlan-mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh thar an tréimhse iomlán 2016-2020.
- Beidh an measúnú ar cé acu a thagann nó nach dtagann róchúiteamh as an Scéim um Chothromú Fiontar 2016 – 2020 bunaithe ar cé acu is mó nó nach mó ná 4.4% in aghaidh na bliana atá an Toradh a bhaineann glantairbhí amach ar Dhíolachán, comhlán ar athárachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a áireamh. Ríomhfar an méid sin ar bhonn rollach trí bliana. Is sa bhliain 2019 a dhéanfar an chéad tástáil róchúitimh den sórt sin. Féachfar inti ar an tréimhse 2016 – 2018, agus an dá bhliain sin a áireamh.

- Leathnaíodh íoc creidmheasanna um chothromú fiontar i leith éilimh ospidéal chun go n-áireofaí leis íocaíochtaí a bhaineann le cásanna nach bhfuil fanacht thar oíche i gceist leo.
- I gcomparáid leis an scéim roimhe, a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana, beidh an Scéim nua um Chothromú Fiontar 2016 – 2020 i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana.

### 3.1.4 An Ciste um Chothromú Fiontar

Bunaíodh an Ciste um Chothromú Fiontar (“an CCF”) sa bhliain 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012. Faoin Acht sin, is é an tÚdarás atá freagrach as an CCF a riar agus a chothabháil.

Tugadh Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994, (Scéim um Chothromú Fiontar), 2013, isteach i mí Feabhra 2013. Leagtar amach sna Rialacháin sin na struchtúir a bhaineann le cur isteach na n-éileamh agus na dtuairisceán creidmheasa um chothromú fiontar ag gnóthais chláraithe chuig an Údarás agus na struchtúir a bhaineann le bailíochtú na n-éileamh sin ag an Údarás. Cuirtear éilimh eatramhacha isteach ar an 21ú lá den mhí a thagann go díreach tar éis na míosa lena mbaineann an t-éileamh eatramhach. A luaithe is deimhin leis an Údarás go bhfuil na creidmheasanna um chothromú fiontar dlite i gceart do ghnóthas, socróidh an tÚdarás go n-íofar an méid atá dlite ón CCF.

Is mar dhleacht stampa a bhailíonn na Coimisinéirí loncain an tobhach rátáil phobail ó ghnóthais chláraithe ar bhonn ráithiúil. Bíonn sí le híoc ar an 21ú lá de gach dara mí tar éis dheireadh gach ráithe. Íocann na Coimisinéirí loncain méid an tobhaigh ráithiúil isteach i gcuntas reatha an CCF ina dhiaidh sin. I gcás cistí nach bhfuil ag teastáil láithreach i gcuntas reatha an CCF, infheistítear iad i Nótaí Stáitchiste. Is é is Nótaí Stáitchiste ann ná ionstraimí gearrthéarmacha fiachais arna n-eisiúint ag Gnómhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Fostaíonn an tÚdarás sainchomhairleoirí iniúchóireachta inmheánaí chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar nósanna imeachta an Údaráis maidir leis an CCF a riar. Déantar cuntais bhainistíochta a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhaill an Údaráis ar bhonn míosúil.

### 3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”) a chothabháil. Foráiltear le hAlt 14 den Acht Árachais Sláinte, 1994, nach mór d’aon árachóir sláinte a sheolann gnó árachais sláinte in Éirinn clárú leis an Údarás agus deimhniú a fháil uaidh.

Ceanglaítear orthu iarratas a dhéanamh ar athnuachan ar chlárú gach bliain. Ar chlárú dóibh, eisítear deimhniú don árachóir sláinte lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a sholáthar de réir théarmaí a chuid rialacha agus faoin reachtaíocht ábhartha.

Is ann do dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is é is Gnóthais Bhallraíochta Oscailte ann, mar a sainmhíodh roimhe seo, árachóirí sláinte nach mór dóibh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas sláinte a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar a shonraítear sa reachtaíocht). Is é is Gnóthais Bhallraíochta Teoranta ann gairm-scéimeanna den chuid is mó, a bhfuil a ballraíocht teoranta d’fhostaithe eagraíochtaí ar leith. Ní fhéadfar aon Ghnóthais nua Bhallraíochta Teoranta a bhunú.

### 3.1.6 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil. Luaitear in Alt 7AC den Acht Árachais Sláinte, 1994, go mbeidh an Clár i cibé foirm agus go mbeidh cibé sonraí ann a bhaineann le haon chineál conartha árachais sláinte atá ar tairiscint sa Stát de réir mar a shonróidh an tÚdarás. Tá ábhair an Chláir ar fáil lena n-íniúchadh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag <http://www.hia.ie/consumer-information/register-of-health-insurance-contracts> nó in oifigí an Údaráis.

#### Fógra Táirgí

Ceanglaítear ar Ghnóthais Chláraithe samplaí de gach conradh nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Árachas Sláinte tráth nach déanaí ná 30 lá sula ndéanfaidh siad táirge den sórt sin a thairiscint den chéad uair.

Coinneoidh gnóthas gach tairiscint ar feadh tréimhse nach lú ná 60 lá ar na téarmaí agus coinníollacha céanna agus ní mór an táirge bheith ar fáil ar feadh tréimhse 12 mhí ach amháin i gcásanna ina bhfuil cúis mhaith shásúil ann le téarma eile.

Chuir árachóirí breis agus 1,150 sampla (2014: 850 ceann) de chonarthaí nua/athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis sa bhliain 2015. Is féidir an méadú sin a chur i leith thabhairt isteach na Rátaí d’Aosaigh Óga.



## Athbheithniú ar Fhógraí Táirgí le haghaidh Comhlíonta

Déanann an tÚdarás athbheithniú ar na sonraí faoi gach fógra táirge chun a chinntiú nach bhfuil siad contrártha do na hAchtanna Árachais Sláinte. Sa chás go bhfuil imní ar an Údarás faoi chonradh, díríonn sé aird an árachóra ar na gnéithe den chonradh a d'fhéadfadh an reachtaíocht a shárú agus pléann sé an cheist leis an árachóir. I ngach cás den sórt sin le linn na bliana, thug an t-árachóir aghaidh ar ábhair imní an Údaráis tríd an gconradh a leasú nó trí mhíniú sásúil a thabhairt ar an dóigh a gcomhlíonann an conradh an reachtaíocht.

## 3.2 Taighde agus Comhairle

### 3.2.1 Faireachán a Dhéanamh ar an Margadh Árachais Sláinte

#### Méid an Mhargaidh


Is é an margadh árachais sláinte an margadh is mó árachas neamhshaoil in Éirinn. B'ionann an t-ioncam préimhe sa bhliain 2015 agus €2.45bn. Bhí Ghnóthais Bhallraíochta Teoranta freagrach as €116m den méid iomlán sin. I gcomparáid leis an tréimhse roimhe, tháinig moill shuntasach ar an ráta fáis ó thaobh préimheanna in aghaidh an duine de sa tréimhse idir 2013 agus 2015. Is amhlaidh gur laghdaigh préimheanna in aghaidh an duine sa bhliain 2015. Tháinig an laghdú sin chun cinn mar gheall gur aistrigh roinnt daoine chuig polasaithe ní ba shaoire.

Bhí 2.12m duine san iomlán (leanaí san áireamh) árachaithe sa mhargadh árachais sláinte ag deireadh na bliana 2015, rud arbh ionann é agus 46% den daonra. Tháinig an treocht mhéadaitheach sa mhargadh sa bhliain 2015 chun cinn as an tionchar mall a bhí ag an bhfostaíocht mhéadaithe sa gheilleagar agus as an tionchar a bhí ag tabhairt isteach na rátála pobail saoil ar an éileamh a spreagadh (Féach Aguisín A, Tábla 1).

Ó thús na bliana 2009, bhí líon na n-árachaithe ag laghdú go leanúnach ón mbuaicfhigiúr roimhe 2.3m duine (50.9% den daonra) a bhí ann sa bhliain 2008. Bhí an laghdú sin faoi réir ag an mórchúlú eacnamaíochta a bhí ann idir na blianta 2009 agus 2012. Scoir líon na n-árachaithe de bheith ag laghdú sa tríú ráithe den bhliain 2014, áfach.

I gcomparáid le 47% ag deireadh na bliana 2010, bhí an ráta dul i bhfód ar an margadh do Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte cothrom le thart ar 44% ag deireadh na bliana 2015 (bheadh an ráta cothrom le 46% dá gcuirfí Ghnóthais Bhallraíochta Teoranta agus daoine a raibh tréimhsí feithimh á gcur isteach acu san áireamh). Léirítear sa chairt seo a leanas an difear de réir aoise atá ann sna rátaí dul i bhfód ar an margadh do Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte agus an t-athrú atá tagtha ar rátaí dul i bhfód le 5 bliana anuas.

Is léir gur laghdaigh an ráta dul i bhfód do gach aoisghrúpa suas go 70 bliain d'aois agus gur méadaigh sé do na haoisghrúpaí ba shine. Fianaise ar aosú an daonra árachaithe is ea an méadú a tháinig ar an ráta dul i bhfód do na grúpaí ba shine.



Sa bhliain 2015, tá seans ann gur aisiompaíodh an treocht roimhe – ba é sin, an laghdú díreireach ar líon na n-aosach árachaithe faoi bhun 40 bliain d’aois – mar gheall ar theaghlaim den rátáil phobail saoil agus de na lascaíní d’aoisigh óga. Sa bhliain 2015, tháinig méadú 5% ar líon na n-árachaithe sa chohórt 18-39 bliain d’aois. Bhí méadú 5% ann ar an margadh iomlán ag an am céanna. Sa bhliain 2014, áfach, tháinig laghdú 4% ar líon na n-árachaithe sa chohórt 18-39 bliain d’aois agus bhí laghdú 1% ann ar an margadh iomlán. Idir deireadh na bliana 2009 agus deireadh na bliana 2014, bhí laghdú 225,000 duine (-23%) ann ar líon na n-aosach idir 18 agus 50 bliain d’aois a raibh árachas sláinte acu. Bhí méadú ann ar an ráta ag a raibh an margadh ar fad ag aosú dá bharr sin freisin. (Déantar achoimre i mír 3.1.2 den Tuarascáil seo ar an rátáil phobail saoil agus ar lascaíní d’aoisigh óga).

Bhí ceithre Ghnóthas Ballraíochta Oscailte ag oibriú sa mhargadh amhail deireadh na bliana 2015. Agus sciar 95% den mhargadh aige sular osclaíodh an margadh don iomaíocht i lár na 1990í, b’ionann an sciar den mhargadh a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte i mí na Nollag 2015 agus 51%. Bhí sciar 26% den mhargadh ag Laya Healthcare, bhí sciar 14% ag Aviva Health agus bhí sciar 5% ag GloHealth. B’ionann an sciar comhcheangailte den mhargadh a bhí ag Gnóthais Bhallraíochta Teoranta agus 4% (Féach Aguisín A, Tábla 3). Faoi mar atá leagtha amach in Aguisín C, tá éagsúlacht mhór ann maidir le haois na n-árachaithe sa mhargadh. Ag deireadh na bliana 2015, mar shampla, d’árachaigh Vhi um Chúram Sláinte 69% (72% ag deireadh na bliana 2014) de na daoine sin idir 70-79 bliain a raibh árachas acu. Mar sin féin, bhí na hardchéatadáin de na cohóirt aoise is sine ar árachai Vhi iad ag laghdú de réir a chéile.


### Costas Árachais Sláinte agus Costais Éilimh Chúram Sláinte.

Ba é €1,173 an mheánphréimh árachais sláinte a íocadh i leith cumhdach othair chónaithigh sa bhliain 2015 (le haghaidh conarthaí a thagann faoi raon feidhme na Scéime um Chothromú Fiontar). B’ionann é sin agus laghdú 2% ar an meánphréimh a íocadh sa bhliain 2014 (€1,200). Ba é sin an chéad uair a tháinig laghdú ar an meánphréimh ó thosaigh an tÚdarás ag coinneáil taifead ina leith sin sa bhliain 2001. Mhéadaigh an mheánphréimh faoi 4% sa bhliain 2014 agus faoi 10% sa bhliain 2013. Tá na figiúirí sin bunaithe ar ollphréimheanna, ach laghdaíodh an meánfhiúir mar gheall ar phréimheanna do leanaí agus ar lascaíní d’aoisigh óga. I gcás na nglanphréimheanna a ghearrann árachóirí ar thomhaltóirí, laghdaítear iad mar gheall ar fhaoiseamh ó cháin ioncaim, rud is comhionann le 20% den ollphréimh suas go €200. Faigheann na hárachóirí an méid sin go díreach ó na Coimisinéirí Ioncaim.


Bhí méadú 6.5% ann ar mheánluach na n-éileamh a íocadh in aghaidh an áracháí sa bhliain 2015. Tháinig an méadú sin sna sála ar mhéadú 3% sa bhliain 2014. Tá seans maith ann go raibh na méaduithe sin ní b’airde fós mar gheall ar an athrú a rinneadh ar na rialacha maidir le muirir a ghearradh ar othair phríobháideacha in ospidéal phoiblí. Rinneadh an t-athrú i mí Eanáir 2014 agus cuirtear síos air thíos. Ina ainneoin sin, is ísle go fóill an ráta méadaithe ná an meánmhéadú 12.6% a bhí ann idir na blianta 2008 agus 2012. Le linn na mblianta 2014 agus 2015, ba chothrom le nialas, beagnach, a bhí an boilsciú foriomlán i bpraghsanna do thomhaltóirí agus an boilsciú san earnáil sláinte araon. Tá sé ríthábhachtach d’inhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte shaorálaigh an fás in éilimh árachais a shrianadh, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na cúiseanna aitheanta fadtéarmacha le méaduithe i gcostais chúram sláinte, is iad sin; an chaoifhulaingt níos ísle atá ar dhaoine i dtaca le drochshláinte, idirghabhálacha nua míochaine agus máinliachta agus aosú an daonra.

Léirítear sna cairteacha seo a leanas an t-athrú atá tagtha ar na rátaí éileamh a íocadh agus ar na laethanta cóireála in aghaidh an áracháí idir na blianta 2012 agus 2015, agus an dá bhliain sin a áireamh. Chun an phréimh níos ísle a léiriú, tugtar ualú d’aon trian do leanaí sna háirimh sin. (Tá na figiúirí éileamh bunaithe ar shainmhíniú teicniúil ar “shochair fhille” a thugtar sna Rialacháin um Thuairisceáin Faisnéise. I gcás na bhfigiúirí éileamh roimh an mbliain 2012 a luadh, baintear leas as sainmhíniú teicniúil ar “shochair fhorordaithe”. Níl an sainmhíniú sin chomh cuimsitheach céanna, áfach).

### Sochair fhillte mhargaidh in aghaidh an áracháí ó 2012 go 2015



### Laethanta cóireála margaidh in aghaidh an áracháí ó 2012 go 2015



#### Athruithe ar Rátaí Muirir d'Ospidéal Phoiblí

Ó thús na bliana 2014, tá feidhm ag na muirir nua ar chóiríocht príobháideach in ospidéal poiblí, faoi mar atá leagtha amach san Acht Sláinte (Leasú), 2013. Cé go raibh roinnt muirear ní b'ísle ná mar a bhí siad roimhe sin, ba é an t-athrú ba mhó ná go mbeadh ar dhuine ar bith a tharscaoil an ceart atá aige chun cóireáil a fháil go poiblí (agus a bheadh ina othar príobháideach dá bharr) íoc as muirear laethúil íosta €813 as gach oíche sa chuid is mó d'ospidéal ghéarmhíochaine poiblí, beag beann ar shonrú na leapa ina raibh siad (€1000 ar sheomra aonair agus €407 ar leaba cás lae). Is cosúil go ndeachaigh tamall thart sular imir an t-athrú sin aon tionchar ar líon na n-éileamh, agus an chuid is mó den mhéadú ar líon na n-éileamh ag teacht chun cinn sa bhliain 2015.

#### Forbairtí Táirgí

Bhí fás beag eile ann ar líon na dtáirgí a bhí á margú sa bhliain 2015. Bhí 360 táirge á margú ag deireadh na bliana 2015 (355 cinn ag deireadh na bliana 2014). Áirítear le gnéithe den mhargadh:

- Tá an margadh ag leanúint ar aghaidh ag aosú, go príomha mar nach bhfuil árachas sláinte príobháideach le Gnóthas Ballraíochta Oscailte ach ag 33% den daonra idir 18 mbliana d'aois agus 29 mbliana d'aois, i gcomparáid le cumhdach 43% sna haoiseanna go léir agus cumhdach 52% i measc daoine idir 60 bliain d'aois agus 74 bliana d'aois.
- Bhí 10% de na conarthaí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2015 faoi réir an ráta Neamh-Bhreis chumhdaigh níos ísle de dhleacht stampa (6% ag deireadh na bliana 2014).
- Ag deireadh na bliana 2015, bhí polasaithe ag 7% den daonra árachaithe nár chumhdaigh gach ospidéal (4% ag deireadh na bliana 2014).
- Tá an margadh fíordheighilte de réir aoise. Áracháíonn Vhi um Chúram Sláinte 53% den mhargadh,

ach áracháíonn sé 83% den daonra árachaithe atá 80 bliain d'aois agus níos sine. Tá sciar 61% den mhargadh aige ó thaobh ioncam préimhe de agus tá sciar 67% den mhargadh aige ó thaobh na n-éileamh a íocadh de. I gcás na n-árachóirí eile, áfach, is sna haoisghrúpaí is óige, de réir beathaí, atá na sciartha is mó den mhargadh acu.

- Fágann an tionchar atá ag gnéithe spriocdhíríte tairgí (e.g. is dóigh gur ag na daoine is sine a bheidh an riachtanas is mó le lánchumhdach ortaipéideach) agus an tionchar atá ag an difríocht i bprémheanna do tháirgí difriúla go n-íocann daoine os cionn 60 bliain d'aois prémheanna atá 31% níos airde ar an meán (agus iad 33% níos airde sa bhliain 2014) ná na prémheanna a íocann daoine faoi bhun 60 bliain d'aois le haghaidh na leibhéal cumhdaigh is mó éileamh.

### 3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte

TCoimisiúnaíonn an tÚdarás taighde ar thomhaltóirí sa mhargadh árachais sláinte gach dhá bhliain. Ba é Millward Brown a thug faoin taighde ba dhéanaí ar thuairimí ag deireadh na bliana 2015. Foilsíodh an tuarascáil taighde in earrach na bliana 2016 agus tá sí ar fáil lena hiniúchadh anois ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag: <http://www.hia.ie/publication/consumer-surveys/2016>. Sa tsraith tuarascálacha taighde atá ar fáil, soláthraítear faisnéis luachmhar faoin margadh árachais sláinte, lena n-áirítear treochtaí le himeacht ama.

I measc na bpríomhchúiseanna a tugadh le hárachas sláinte a cheannach, bhí an costas a bhaineann le cóireáil leighis agus na tuairimí diúltacha atá ag daoine faoi chaighdeán na seirbhísí poiblí agus faoin easpa rochtana orthu. Cúis eile le hárachas sláinte a cheannach, de réir 17% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu, ná gur tairgeadh árachas dóibh i ngrúpscéim obairbhunaithe.

Ag teacht sna sála ar an laghdú a bhí ann sa bhliain 2013, tháinig méadú ar shástacht le gach gné d'árachas sláinte sa bhliain 2015. Thug 56% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu scór ocht as deich ar a laghad dá n-árachóir sláinte reatha. Bhí laghdú géar ann ar chéatadán na ndaoine a bhraitheann gur míchuí atá méaduithe préimhe.

D'athraigh beagnach duine amháin as gach ceathrar árachóir sláinte roimhe seo. D'athraigh ceathrú de na daoine sin árachóir sláinte ní ba mhó ná uair amháin freisin. Is í an phríomhchúis le soláthraí a athrú ná coigilteas costais (65%).

Ó thaobh árachas saorálach de, ní iontas ar bith é gur as an gcatagóir shochdhéimeagrafach ABC1 a thagann 62% de dhaoine a bhfuil árachas sláinte acu, i gcomparáid le 41% den daonra i gcoitinne. Is pósta atá 70% d'aoisigh a bhfuil árachas sláinte acu, i gcomparáid le 50% de dhaoine i measc an daonra aoisigh i gcoitinne. Rinneadh an suirbhé ar bhonn duine le duine agus le sampla 1,832 dhuine a bhí ionadaíoch don tír ar fad. Leagadh cuótaí síos ó thaobh inscne, aicme shóisialta agus réigiúin de.

### 3.2.3 Taighde coimisiúnaithe eile

I gcomhar leis an Roinn Sláinte, choimisiúnaigh an tÚdarás roinnt nótaí taighde óna chomhairleoirí airgeadais agus eacnamaíocha ar mhodheolaíochtaí le haghaidh róchúiteamh a mheasúnú i dtaca leis an Scéim um Chothromú Fiontar (SCF) i gcomhthéacs dhlí an Aontais Eorpaigh um Státchabhair agus Seirbhísí ar mhaithe leis an Leas Eacnamaíoch i gCoitinne. Bhain an Roinn agus an Coimisiún Eorpach leas as cuid den taighde sin chun tagarmharc róchúitimh a chinneadh san fhógra a thug Éire don Choimisiún Eorpach faoin Scéim nua um Chothromú Fiontar don tréimhse idir 2016 agus 2020. (Chinn an Coimisiún Eorpach gan aon agóid a dhéanamh in aghaidh na Scéime um Chothromú Fiontar, 2016 go 2020.)

Chomh maith leis sin, leanann an tÚdarás ar aghaidh le comhairle a chur ar an Roinn faoin SCF ar leithligh.

### 3.2.4 Árachas Sláinte Uilechoiteann (ÁSU)

Mar fhreagairt d'iarraidh ón Aire, ghlac an tÚdarás páirt i dtionscadal chun "bascaeid seirbhísí" a chostáil i dtaca leis an gcóras Árachais Sláinte Uilechoitinn (ÁSU) atá beartaithe. D'iarr an tÚdarás ar a chomhairleoirí achtúireacha tuarascáil a ullmhú ar an méid sin.

Cuireadh dréacht den tuarascáil i láthair an Aire i mí na Bealtaine 2015 agus soláthraíodh an leagan deiridh don

Roinn i mí Mheán Fómhair 2015. I measc na dtorthaí éagsúla sa tuarascáil, measadh go raibh costas idir €2,228 agus €3,232 in aghaidh na bliana i gceist le préimh aosaigh sa chóras ÁSU, ag brath ar an “mbascaed seirbhísí” a chuirfí ar fáil mar bhunsoláthar éigeantach sa chóras ÁSU.

Rinne an tAire ráiteas i mí na Samhna 2015 inar luaigh sé, i measc nithe eile, nárbh inghlactha ag an am a bhí na hardchostais a bhaineann leis an tsamhail ar leith um árachas sláinte atá beartaithe agus nach mbeidís inghlactha san am atá le teacht. Dúirt sé nár chreid sé go bhféadfaí samhail nua cistiúcháin do chúram sláinte a chur chun feidhme i dtéarma an chéad Rialtais eile mar go dtógfadh sé cúig bliana ar a laghad chun na hathchóirithe a mheas sé a bheith ina réamhchoinníoll riachtanach a chur i gcrích, go háirithe na méaduithe ar acmhainn agus ar sholáthar foirne. Dúirt sé freisin go raibh an Rialtas fós tiomanta do chúram sláinte uilechoiteann éifeachtach a sholáthar. Ba é an sainmhíniú thug sé air sin ná rochtain a bheith ag gach duine ar bhealach tráthúil ar chúram ardchaighdeán atá ar phraghas réasúnta agus éifeachtach.

Foráladh le Clár an Rialtais (Feabhra 2011 go Feabhra 2016) do chóras ÁSU a thabhairt isteach. D’fhoilsigh an tAire réamhpháipéar ar ÁSU sa bhliain 2012 agus d’fhoilsigh sé Páipéar Bán sa bhliain 2014. Samhlaíodh sa Pháipéar Bán go mbeadh ról méadaithe ag an Údarás sa chóras ÁSU atá beartaithe. Mar aon leis na ról atá ag an Údarás faoi láthair – lena n-áirítear an córas um Chothromú Fiontar a fhorbairt tuilleadh – beartaíodh sa Pháipéar Bán go mbeadh feidhmeanna suntasacha ag an Údarás maidir le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha an bheartais ÁSU, lena n-áirítear an plean caighdeánach ÁSU, agus go mbeadh sé freagrach as “ráta margaidh éifeachtúil” a mholadh, ráta nach n-íocfadh an Stát aon tacaíocht airgeadais os a chionn.

### 3.3 Leas Thomhaltóirí

Áirítear leis na feidhmeanna atá ag an Údarás “cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh” agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is gá, comhlíonadh na nAchtanna a chinntiú.

#### 3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí

Faoi mar a fhoráiltear dó sna hAchtanna Árachais Sláinte, is é ceann de na feidhmeanna atá ag an Údarás “cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh”.

Laistigh den sainchúram sin, is é aidhm an Údaráis feasacht thomhaltóirí a mhéadú ar a gcearta agus cabhrú leo táirgí árachais sláinte a thuiscint. Ina theannta sin, déanann an tÚdarás faireachán ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn árachóirí do thomhaltóirí agus ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

#### Faisnéis do Thomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le thomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt faoi árachas sláinte agus trí chabhrú leo díospóidí a réiteach le hárachóirí. Sa bhliain 2015, tháinig laghdú 11% ar líon na gceisteanna agus na ngearán a fuair an tÚdarás, agus 7,083 theagmháil faighte aige sa bhliain (2014: 7,991 theagmháil). B’íslle i bhfad líon na gceisteanna a fuarthas i mí Eanáir 2015 ná an líon a fuarthas i mí Eanáir 2014. Logáladh 972 ghlaio i mí Eanáir 2015 i gcomparáid leis an 2182 ghlaio a logáladh i mí Eanáir 2014, mí ina ndearnadh méaduithe suntasacha ar phraghsanna. Áirítear iad seo a leanas leis na hábhair ba choitianta a cuireadh in iúl don Údarás:

- Iarrataí ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- Beartais chealaithe árachóirí;
- Cearta i dtaobh árachóirí a athrú;
- Ceisteanna ginearálta maidir le táirgí árachais sláinte agus le tréimhsí feithimh;
- An costas atá ar árachas sláinte príobháideach;
- Caighdeán seirbhíse árachóirí; agus
- Iarrataí ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis.

Le linn na bliana 2015, rinne an tÚdarás idirghabháil rathúil ar son tomhaltóirí i dtaobh ceisteanna a tháinig anuas maidir lena gcuid árachas sláinte. Tá dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu leagtha amach thíos.

### Cás-Staidéar 1

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Údarás chun fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear tréimhsí feithimh i bhfeidhm. Bhí bliain amháin dá tréimhse feithimh – a bhain le riocht a bhí uirthi cheana féin – curtha isteach ag an tomhaltóir sular thug a hárachóir fógra di go rachadh sí, ar dháta athnuachana a plean, ar aghaidh chuig tacar nua tréimhsí feithimh a tugadh isteach i mí na Bealtaine. D'fhágfadh sé sin go mbeadh tréimhse feithimh cúig bliana le cur isteach aici ón dáta athnuachana sin. Níor chuir an t-árachóir an bhliain amháin a bhí curtha isteach ag an tomhaltóir cheana féin san áireamh.

Rinne an tÚdarás teagmháil le hárachóir an tomhaltóra chun an t-ábhar a fhiosrú. D'admhaigh an t-árachóir go ndearnadh botún nuair a bhí tréimhsí feithimh an tomhaltóra á ríomh. Ar an gceist a athbhreithniú dó, dheimhnigh an t-árachóir gur cheart an tréimhse cumhdaigh leanúnaigh a chur san áireamh agus go raibh tréimhse ceithre bliana ar an tréimhse feithimh cheart sa chás seo.

Gheall an t-árachóir go mbeadh sé i dteagmháil le gach foireann teagmhála chun na tréimhsí feithimh sna rialacháin um rollú oscailte a shoiléiriú dóibh agus go ndéanfadh sé teagmháil leis an tomhaltóir chun leithscéal a ghabháil léi agus na tréimhsí feithimh cearta a dheimhniú di. Bhí an custaiméir sásta leis an toradh.

### Cás-Staidéar 2

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Údarás chun gearán a dhéanamh faoi chaighdeán seirbhíse a árachóra. Rinne an tomhaltóir teagmháil lena árachóir roinnt uaireanta cheana féin chun miondealú préimhe a fháil idir a íocaíochtaí seachtainiúla, an ranníocaíocht óna fhostóir agus a íocaíocht bhliantúil iomlán. Tugadh dhá fhreagra dhifriúla don tomhaltóir maidir leis an miondealú préimhe sin le linn dó glaonna ar leith a chur ar an árachóir. An lá sular chuir an tomhaltóir glao ar an Údarás, chomhaontaigh an t-árachóir lena mbaineann ríomhphost ina leagfaí an miondealú préimhe amach a chur chuig an tomhaltóir. Rinne an tÚdarás teagmháil le hárachóir an tomhaltóra chun an t-ábhar a fhiosrú. D'admhaigh an t-árachóir go ndearnadh botún nuair a rinne an tomhaltóir teagmháil leis chun an miondealú a iarraidh. Gheall an t-árachóir go ndéanfadh sé teagmháil leis an gcustaiméir chun leithscéal a ghabháil leis as an drochsheirbhís, go soláthródh sé an miondealú ceart dó agus go gcuirfeadh sé athoilíúint ar an bhfoireann. Bhí an custaiméir sásta leis an toradh.

## 3.3.2 Suíomh Gréasáin

Coimeádann an tÚdarás suíomh Gréasáin, ar a soláthraítear faisnéis do thomhaltóirí de réir na bhfeidhmeanna faisnéise do thomhaltóirí a leagadh ar an Údarás leis an Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Áirítear ar an suíomh Gréasáin saoráid trínar féidir comparáid a dhéanamh idir pleananna, rud lena ligtear do thomhaltóirí na pleananna is oiriúnaí dóibh a roghnú bunaithe ar a gcúinsí féin agus sochair agus praghsanna a chur taobh le taobh chun comparáid a dhéanamh eatarthu. Leis an tsaoráid sin, tugtar rochtain do thomhaltóirí ar shonraí gach plean ar an margadh, agus is í an t-aon acmhainn ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil.

Fuair an suíomh Gréasáin breis agus 428,000 cuairt sa bhliain 2015, figiúirí a bhí i bhfad ní b'ísle ná an figiúr sa bhliain 2014. Tugadh 45,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin i mí Eanáir 2015. I gcomparáid leis sin, bhí 115,000 cuairt ann i mí Eanáir 2014, mí ina ndearnadh méaduithe suntasacha ar phraghsanna ar fud raon táirgí éagsúla. Tháinig méadú eile ar líon na ndaoine a leanann ár leathanaigh ar Facebook agus ar Twitter le linn na bliana.

Sheol an tÚdarás suíomh Gréasáin athfhorbartha i mí an Mheithimh 2015, rud lena ligtear d'úsáideoirí pleananna a chur i gcomparáid le chéile ar bhealach níos éasca. Ar na gnéithe nua, tá barra sleamhnáin barrachais lena ligtear don tomhaltóir pleananna ina bhfuil barrachas a oireann dá riachtanais a roghnú, barraí sleamhnáin le haghaidh aoiseanna éagsúla aosaigh óig agus linbh a thaispeáint, agus saoráid trína bhfuiltear in ann cuardach a bheachtú trí phleananna ina bhfuil liostaí ospidéal shríanta a bhaint.

Is amhlaidh go bhfuil úsáideoirí ár suímh Ghréasáin an-sásta leis an bhfeidhmiúlacht nua.

# 4

## Gnóthaí Corparáideacha

### 4.1 Straitéis

Le linn na bliana 2015, d'fhorbair an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse trí bliana idir 2016 agus 2018, rud ina leagtar amach an Misean, na Croíluachanna, an Fhís, na Spriocanna agus na Cuspóirí Straitéiseacha atá aige. Trí phleanáil ar aghaidh agus trí fheabhas leanúnach a dhéanamh, tá muinín ag an Údarás go mbeidh sé in ann leanúint lena ról agus lena sheirbhísí a neartú ar aon dul leis an sainchúram reachtúil atá air. Tá bród ar an Údarás as a bhfuil bainte amach aige ó bunaíodh é i mí Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994. Le linn an chéad timthrialla straitéise agus pleanála eile, féachfaidh an tÚdarás le héachtaí a baineadh amach roimhe seo a chomhdhlúthú, le feabhas leanúnach a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sé an ról atá aige, agus le é féin a oiriúnú d'athruithe ar an margadh árachais sláinte príobháideach agus ar an sainchúram atá air, de réir mar is gá.

Cuireadh an plean le chéile tríd an obair seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach an Údaráis don tréimhse 2012 - 2014.
- Sraith ceardlann straitéise ina raibh lucht bainistíochta an Údaráis agus Baill an Údaráis páirteach.
  - o Anailís mhionsonraithe LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí).
  - o Anailís mhionsonraithe PEST (tosca Polaitiúla, Eacnamaíocha, Sóisialta agus Teicneolaíochta).
  - o Sainaithint a dhéanamh ar na príomhthosca ba ghá don Údarás a bhreithniú.
  - o An Plean Straitéiseach a fhorbairt.

De réir an Údaráis, is iad na príomhfheidhmeanna atá aige ná an fhreagracht dhlíthiúil atá air as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte agus as an gcomhlíonadh sin a fhorfheidhmiú agus as faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí faoina roghanna agus faoina gcearta. Tá sé beartaithe ag an Údarás na príomhfheidhmeanna sin a neartú tuilleadh trí spriocanna straitéiseacha tiomnaithe a leagan síos do na chéad trí bliana eile. Tá an Plean ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

Cuimsíonn na ráitis seo a leanas croíchuspóir agus croíchúram straitéiseach an HIA sna trí bliana atá romhainn.

#### Fís an Údaráis

"A bheith aitheanta mar rialálaí éifeachtach neamhspleách ar mhargadh árachais sláinte na hÉireann agus mar fhoinsé údarásach faisnéise agus comhairle ar an margadh sin."

#### Misean an Údaráis

Is é an misean atá ag an Údarás:

"Oibriú ar mhaithe le leas an phobail trí thacú le rátáil phobail, le rollú oscailte agus le cumhdach saoil i margadh iomaíoch árachais sláinte shaorálaigh."

#### Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás na luachanna seo a leanas lena gcur i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí:

- gníomhú go neamhspleách, go neamhchlaon agus go macánta i gcónaí;
- oibriú ar bhealach éifeachtach gairmiúil;
- na sócmhainní faoina bhainistíocht a chaomhnú ar bhealach a chothaíonn muinín;
- dul i dteagmháil go gníomhach le geallsealbhóirí agus fáilte a chur roimh smaointe agus roimh mholtaí nua ó gach foinsé;
- bheith réamhghníomhach agus nuálach ó thaobh cur chuige de;
- trédhearcacht a chothabháil ina chuid gníomhaíochtaí uile; agus
- meas a bheith aige ar a chuid fostaithe.

Aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí atá an Fhís, an Misean agus na Luachanna atá aige maidir le hardchaighdeán agus le sársholáthar seirbhíse a chothabháil agus is iad an Fhís, an Misean agus na Luachanna sin a threoraíonn é san obair sin.

## 4.2 Rialachas Corparáideach

### An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Corparáideach

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar leagan nuashonraithe den “Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit” arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an tÚdarás ar áireamh in Ionstraim Reachtuil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Baill an Údaráis, agus na baill foirne ábhartha a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

### Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla don bhliain 2015 agus cuireadh iad faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Rinne an oifig sin na Cuntais seo a iniúchadh agus a cheadú agus tá siad leagtha amach i gCuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo.

### Iniúcháireacht Inmheánach

Tháinig Coiste Iniúcháireachta an Údaráis le chéile ceithre huair sa bhliain 2015. Bhí na daoine seo a leanas ina mBaill den Choiste Iniúcháireachta sa bhliain: an tUasal P. Turpin (Cathaoirleach), an tUasal D. Curtin agus S. Malin Uasal. Chomhaontaigh an Coiste Iniúcháireachta clár iniúchtaí inmheánacha agus, le linn na bliana 2015, d'iarr an Coiste ar BDO, na hiniúcháirí inmheánacha arna gceapadh ag an Údarás, roinnt iniúchtaí a dhéanamh thar a cheann. Rinne na hiniúcháirí inmheánacha iniúchtaí ar leith ar na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chothromú Fiontar. Cuireadh tuarascálacha ina leith sin faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus an Údaráis ansin. Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le hiniúcháirí inmheánacha agus le hiniúcháirí seachtracha araon le linn na bliana. Chuir coiste feidhmiúcháin an Údaráis pleananna gníomhaíochta le chéile chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí na n-iniúchtaí agus ba é an Coiste Iniúcháireachta a rinne faireachán ar na pleananna sin.

Chomh maith leis sin, rinne an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar na ráitis bhliantúla airgeadais agus ar an mbeartas bliantúil cuntasáíochta, ar bhainistíocht riosca, ar rialuithe inmheánacha, agus ar shaincheisteanna a bhain le luach ar airgead.

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus bíonn sé i dteagmháil leanúnach leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith sin.

Le linn na bliana 2015, thosaigh an tÚdarás ag ullmhú na chéad Scéime Gaeilge uaidh faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foráiltear le hAlt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtuil ina sonrú ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Agus an Scéim á cur le chéile aige, thug an tÚdarás aird ar na Treoirínte arna n-ullmhú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ar cheadú a fháil ó Aire na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, leagfar amach sa Scéim na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar raon seirbhísí áirithe nach gcuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chur ar fáil laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama. Tráth a cheadófar í, cuirfear an Scéim ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

### Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte

Lean an tÚdarás lena dhualgais a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí Saoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Tháinig an tÚdarás faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, (Comhlachtaí Forordaithe), 2006. Tháinig na Rialacháin in éifeacht an 31 Bealtaine 2006. Tá an tÚdarás fós faoi réir raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.



Anuas ar iarrataí a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, d'fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán dar teideal "A Guide to the Functions of and Records Held by the Authority" agus "A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority". Tugtar sa dá leabhrán sin treoir d'iarrthóirí faoin bpróiseas Saoráil Faisnéise.

Cuirtear na treoirlínte le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Rinneadh an tAcht nua um Shaoráil Faisnéise 2014 a shíniú mar dhlí an 14 Deireadh Fómhair 2014, rud lenar tugadh éifeacht d'athruithe suntasacha ar an dóigh a bhfeidhmítear iarrataí Saoráil Faisnéise. Rinne an tÚdarás a chuid beartas agus nósanna imeachta a leasú de réir na reachtaíochta nua. De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, rinne an tÚdarás Scéim Foilsithe a ullmhú agus a fhoilsiú agus aird á tabhairt ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Leis an Scéim Foilsithe, is féidir taifid a fhoilsiú agus a thabhairt ar bhealach oscailte inrochtana ar ghnáthbhonn lasmuigh den tSaoráil Faisnéise ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc dlí ar an bhfoilseachán ná ar an tabhairt rochtana den sórt sin. Ceanglaítear leis an Scéim ar an Údarás faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ghnáthghníomhaíochtaí gnó de réir na Scéime.

Fuair an tÚdarás ceithre iarraidh saoráil faisnéise le linn na bliana 2015 agus chuir sé faisnéis ar fáil i ndáil le 15 cheist parlaiminte.

### **Straitéis Cumarsáide**

Tá beartas oscailte, comhairliúcháin agus plé le páirtithe leasmhara i bhfeidhm ag an Údarás. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, le geallsealbhóirí agus le páirtithe leasmhara eile maidir le seirbhís rialála a sholáthar agus maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

### **Ídiú Fuinnimh**

Leag an Rialtas sprioc ar an earnáil phoiblí coigilt éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020, figiúr atá cothrom le 3,240 GWh. Is ionann é sin agus 10% den choigilt fuinnimh a theastaíonn don gheilleagar iomlán faoin mbliain 2020 (leagadh sprioc náisiúnta ar an ngeilleagar ar fad coigilt 20% amach). Chun an sprioc-choigilt a bhaint amach, forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP). I dteannta Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009, leagadh síos leo na hoibleagáidí agus na spriocanna seo a leanas:

- Ón 1 Eanáir 2011, cuirfidh gach comhlacht poiblí ar áireamh i dtuarascálacha bliantúla ráiteas ina ndéantar cur síos ar na bearta atá á ndéanamh aige chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú mar aon le measúnú ar an dul chun cinn atá déanta acu ar an sprioc 33% a bhaint amach;
- Cláir éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm le haghaidh Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, an tSeirbhís Sláinte agus gach réimse eile den earnáil phoiblí;
- Cleachtais soláthair atá éifeachtúil ar fhuinneamh a chur chun feidhme; agus
- Ní mór Deimhniú Fuinnimh Taispeána a bheith ar taispeáint ag gach foirgneamh earnála poiblí os cionn 1,000 m<sup>2</sup> chun úsáid iarbhír fuinnimh agus Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a thaispeáint.


Tá oifig amháin ag an Údarás, rud atá lonnaithe i dTeach na Canálach. Tá an oifig sin lonnaithe ar urlár amháin d'fhoirgneamh oifige iláitíochta atá faoi úinéireacht Iontaobhaithe Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála Teoranta. Ní mó ná 1,000 m<sup>2</sup> an t-achar urláir i gcás ina bhfuil Deimhniú Fuinnimh Taispeána ag teastáil.

Tugann an tÚdarás tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoina fheidhmíocht fuinnimh faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009. Tá an tuairisc ar ídiú fuinnimh bunaithe ar chéatadán fhoireann an Údaráis laistigh den fhoirgneamh ar fad. Glacadh an cur chuige sin toisc go raibh roinnt urlár san fhoirgneamh folamh le linn na tréimhe tuairiscithe.

Sa bhliain 2015, d'úsáid an tÚdarás 40 MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 23 MWh de leictreachas agus
- 17 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh)

Léirítear i nGraif 1 agus 2 an úsáid stairiúil thuairiscithe leictreachais agus ola breosla téimh faoi seach. Tugtar línte treochta freisin.



### Gníomhartha a Rinneadh faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2015

- Bainistíodh teas ar aon dul le dálaí reatha aimsire;
- Athsholáthraíodh Teicneolaíocht Faisnéise agus trealamh eile le trealamh ní b'éifeachtúla ar fhuinneamh, de réir mar ba ghá;
- Úsáid mhéadaithe as comhfhreagrach digiteach a chur chun cinn; agus
- Leanúint le hídiú freagrach fuinnimh a chur chun cinn.

### Gníomhartha atá beartaithe a dhéanamh faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2016

- Gléasanna ilfheidhmiúla atá éifeachtúil ar fhuinneamh a sholáthar agus trealamh á athsholáthar;
- Oibriú le hlontaobhaithe Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála Teoranta agus lena gcuid gníomhairí ar bhearta chun úsáid fuinnimh a laghdú;
- Úsáid mhéadaithe as comhfhreagrach digiteach a chur chun cinn; agus
- Leanúint le hídiú freagrach fuinnimh a chur chun cinn.

Tá an tÚdarás ar an mbóthar ceart leis an sprioc de choigilt éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

## 4.3 Acmhainní

### Foireann

Fostaíonn an tÚdarás aon bhall foirne dhéag.

### Cistiú

Cistítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach a ghearrtar ar ghnóthais chláráithe de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994. Socraíodh sna Rialacháin Tobhaigh 2010 gurb é an ráta atá le híoc ag gnóthais chláráithe ná 0.12% d'ioncam préimhe na ngnóthas cláráithe. Le hIonstraim Reachtúil 528/2014, Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2014, rinneadh leasú eile ar an tobhach ioncaim, agus an ráta á shocrú ag 0.01% do na blianta 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ón mbliain 2017 i leith. Tá an tobhach iníoctha leis an Údarás ar bhonn ráithiúil. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ghnóthais chláráithe sonraí faoi árachaithe agus faoi ioncam préimhe a chur isteach. Déantar achoimre ar na staitisticí sin in Aguisín A. Tá Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2015 leagtha amach in Aguisín D.

<sup>3</sup> Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2010 (Leasú), (I.R. Uimh. 539 de 2010).

# 5 Tuarascáil agus Cuntais 2015

## 5.1 Tuarascáil agus Cuntais An tÚdarás Árachas Sláinte don bhlian ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

### Chuig an Aire Sláinte

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais le haghaidh na tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2015 faoi do bhráid.

An tÚdarás Árachas Sláinte  
("an tÚdarás")  
Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

## Clár Ábhar

Eolas an Údaráis	27
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	28
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	30
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis	32
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	33
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	34
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim	35
Nótaí	36

# An tÚdarás Árachas Sláinte

## Faisnéis faoin Údarás

### Baill an Údaráis

Jim Joyce (Cathaoirleach)

Tháinig a théarma chun deiridh an 31 Eanáir 2016

Dónall Curtin

Tháinig a théarma chun deiridh an 31 Eanáir 2016

Paul Turpin

Tháinig a théarma chun deiridh an 31 Eanáir 2016

An tOllamh Anthony Staines

Tháinig a théarma chun deiridh an 31 Eanáir 2016

Sheelagh Malin  
(Cathaoirleach Ainmnithe)

Ceapadh í an 6 Bealtaine 2010

Ian Britchfield

Athcheapadh í an 1 Feabhra 2016

Sean Coyle

Athcheapadh í an 30 Meitheamh 2016

An Dochtúir Fiona Kiernan

Ceapadh é an 1 Feabhra 2016

James A McNamara

Ceapadh í an 1 Feabhra 2016

Ceapadh é an 1 Feabhra 2016

### Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Don Gallagher

### Rúnaí

Eamonn Horgan

### Baincéirí

AIB plc.

40/41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Permanent TSB

56/59 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

RaboDirect

Plás Charlemont

Baile Átha Cliath 2

### Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

### Oifigí

Teach na Canálach

Bóthar na Canálach

Baile Átha Cliath 6

# An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás Árachas Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim, agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 32 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhírítis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2015; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.


Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Údaráis chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Patricia Sheehan**

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
24 Meitheamh 2016

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Cathaoirleach agus Baill an Údaráis go bhfuil bord an Údaráis freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais san Údarás Árachas Sláinte.

Aithníonn Cathaoirleach agus Baill an Údaráis freisin nach bhféadfadh a leithéid de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear na sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá na príomhnósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag Baill an Údaráis chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar taobh istigh den Údarás: -

Mar a fhoráiltear dó le hAlt 26(5) den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), tá an Príomhfheidhmeannach/Cláráitheoir ("an PF/C") freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a chur i gcrích, a bhainistiú agus a rialú go ginearálta agus comhlíonfaidh sé/sí feidhmeanna eile a bheidh cinnte ag an Údarás. Tá sé comhaontaithe ag Baill an Údaráis go bhfuil an PF/C agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an PF/C do na Baill ag a gcruinnithe, rudaí a bhíonn ar siúl go míosúil de ghnáth.

Cuireadh próiseas foirmiúil ar bun chun rioscaí gnó a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an bpróiseas sin:

- Sainaithint rioscaí agus cineál rioscaí;
- An dóchúlacht go dtarlódh siad;
- Impleachtaí airgeadais nó impleachtaí de chineálacha eile;
- Tosca maolaithe;
- Bearta chun na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú; agus
- Faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas agus tuairisc a thabhairt air.

Ghlac Baill an Údaráis Cód Cleachtas maidir le Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte, rud atá bunaithe ar an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna nuashonrú sa bhliain 2009, ón Roinn Airgeadais. Ghlac Baill an Údaráis rialacha maidir le nós imeachta agus gnó chruinnithe an Údaráis.

Cuireann an tÚdarás sraith nósanna imeachta airgeadais chun feidhme ina leagtar amach teoracha airgeadais, nótaí maidir le nósanna imeachta agus cleachtais tarmligin. Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar na ráitis faoi bheartais chuntasaíochta, ar bhainistíocht riosca, ar rialuithe inmheánacha (lena n-áirítear iniúcháireacht inmheánach agus iniúcháireacht sheachtrach) agus ar shaincheisteanna a bhaineann le luach ar airgead. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbliain 2015. Bhí sainchomhairleoirí páirteach i bpríomhréimsí inar measadh a leithéid de sheirbhísí a bheith cuí, lena n-áiríodh cuntasóirí agus sainchomhairleoirí iniúcháireachta inmheánaí.

Tá córas bogearraí ríomhaireachta i bhfeidhm ag an Údarás a chuimsíonn pacáiste cuntasaíochta agus pacáiste párolla chun rialú inmheánach airgeadais an Údaráis a éascú.

D'fhostaigh an tÚdarás gnólacht seachtrach cuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus a mhaoirsiú don Údarás agus chun meicníocht mhíosúil tuairiscithe airgeadais a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta, lena n-áirítear buiséid, toisc méid na heagraíochta agus líon na mball foirne atá fostaithe.



Deimhnímid go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2015.

Sínithe thar ceann Bhaill an Údaráis



---

**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach  
An tÚdarás Árachas Sláinte

16 Meitheamh 2016  
Dáta

### Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis

Le hAlt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), leagtar dualgas ar Bhaill an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid imleora chuntasaíochta a choinneáil ina nochtar staid airgeadais an Údaráis ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 32(2) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Údaráis agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



---

**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



---

**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	<i>Nótaí</i>	<b>an 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015</b> €	<b>an 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2014</b> <b>Athluaite</b> €
Ioncam	2	381,493	2,963,172
Costais Riaracháin	3	(2,340,037)	(1,434,927)
<b>(Barrachas caiteachais thar ioncam) / barrachas ioncaim thar chaiteachas</b>		<b>(1,958,544)</b>	<b>1,528,245</b>
Ús Infhaighte		51,608	86,724
<b>(Easnamh) / Barrachas don bhliain</b>		<b>(1,906,936)</b>	<b>1,614,969</b>
Cúlchistí coinnithe ioncaim i dtús na bliana		11,732,584	10,117,615
<b>Cúlchistí coinnithe ioncaim ag deireadh na bliana</b>		<b>9,825,648</b>	<b>11,732,584</b>

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann, seachas na cinn a ndéileáiltear leo sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Tá nótaí 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 Athluaite €
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	6	84,338	92,324
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		11,343,106	12,400,137
Réamhíocaíochtaí agus méideanna infhaighte eile	7	285,902	947,535
		11,629,008	13,347,672
<b>Dlíteanais Reatha (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)</b>			
Méideanna iníoctha agus fabhruithe	8	(1,887,698)	(1,707,412)
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>9,741,310</b>	<b>11,640,260</b>
<b>Iomlán na sócmhainní líide dlíteanais reatha</b>		<b>9,825,648</b>	<b>11,732,584</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>9,825,648</b>	<b>11,732,584</b>
<b>Ionadaithe ag</b>			
Cúlchistí coinnithe ioncaim	11	9,825,648	11,732,584
		<b>9,825,648</b>	<b>11,732,584</b>



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Tá nótaí 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 Athluaite €
<b>Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
(Easnamh) / barrachas oibriúcháin don bhliain		(1,906,936)	1,614,969
Ús bainc infhaighte		(51,608)	(86,724)
Dímheas	6	42,928	28,559
(Méadú) / laghdú ar mhéideanna infhaighte	7	668,478	(38,662)
Méadú / (laghdú) ar mhéideanna iníoctha	8	180,286	116,136
<b>Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>(1,066,852)</b>	<b>1,634,278</b>
<b>Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	6	(34,941)	(47,210)
<b>Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>(34,941)</b>	<b>(47,201)</b>
		<b>(1,101,793)</b>	<b>1,587,068</b>
<b>Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>			
Ús faighte		44,762	91,075
<b>Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>		<b>(1,057,031)</b>	<b>1,678,143</b>
<b>Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim</b>		<b>(1,057,031)</b>	<b>1,678,143</b>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir		12,400,137	10,721,994
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig		11,343,106	12,400,137



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Tá nótaí 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Nótaí

### (mar chuid de na ráitis airgeadais)

#### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Mura luaitear a mhalairt, cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain a chuirtear i láthair. Ghlac an tÚdarás Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ("FRS 102"), "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" den chéad uair sa bhliain reatha agus tugtar míniú i Nóta 12 ar conas a chuaigh an t-aistriú chuig FRS 102 i bhfeidhm ar an staid airgeadais agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais a thuiriscítear.

#### **Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasaíochta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo.

Cuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair in Euro ("€"), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é.

Tá an tÚdarás den tuairim nach ann d'aon bhreithiúnais chriticiúla a bhfuil tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### **Ioncam Tobhaigh**

Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid a bhí infhaighte ag an Údarás maidir leis an mbliain. Cuimsíonn sé sin íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir an Achta Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú). Déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcomparáid leis an ioncam tobhaigh ionchasach i bhfianaise phróifíl scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh an Údaráis.

#### **Aithint Caiteachais**

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, de réir mar a thabhaítear é.

#### **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir luach an chostais lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim, d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh faoi mhodh na líne dírí, ar ráta bliantúil 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhairí agus 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta éadála.

#### **Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim le haghaidh na bliana.

Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ar ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe airgeadais agus tá gnóthachain agus cailíteanais atá mar thoradh air sin san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim le haghaidh na bliana.

#### **An Ciste um Chothromú Fiontar**

Bunaíodh an Ciste um Chothromú Fiontar (an "Ciste") an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a choimeád ar bun, a chosaint, a riar agus a chur i bhfeidhm agus aisghabhann sé na costais a thabhaíonn sé ina leith sin ón gCiste. Is é atá i gceist leis an mbonn atá le costais a aisghabháil ná go lán-chionroinntear costais a bhaineann go díreach leis an gCiste agus go bpáirt-chionroinntear costais a thabhaíonn an tÚdarás, faoi mar atá leagtha amach i Nóta 15 de na ráitis airgeadais. Déanann an tÚdarás ráitis airgeadais ar leith a ullmhú ar bhonn bliantúil.

## Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), tá cead ag an Údarás scéim a dhéanamh le haghaidh deonú sochair aoisliúntais do bhaill foirne an Údaráis, le toiliú ón Aire Sláinte agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Rinneadh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis Árachais Sláinte 2014 (I.R. Uimh. 318 de 2014) a shíniú an 3 Iúil 2014. Tá scéim do Chéilí agus Leanaí dréachtaithe ag an Údarás, agus é bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí, agus táthar ag fanacht le cead ón Aire Sláinte agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na hasbhaintí riachtanacha á ndéanamh ag an Údarás ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Tá soláthar á dhéanamh ag an Údarás chomh maith le haghaidh ranníocaíochtaí ón bhfostóir leis an Scéim. Measann an tÚdarás an scéim a bheith ar aon dul le scéim ranníocaíochta sainithe óna dhearcadh féin agus tá cuntas déanta aige air dá réir, chun críocha FRS 102. Faoi réir thabhairt chun críche na socruithe leis an Roinn, ní mheasann an tÚdarás go bhfuil seans maith ann go n-éileofar ar an Údarás acmhainní a chuimsíonn sochair eacnamaíochta (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí ón bhfostóir) a aistriú le haghaidh sochar atá iníoctha le baill. Níltear ag súil leis go dtiocfaidh riosca achtúireach ná riosca infheistíochta aníos i gcás an Údaráis.

Mar thoradh air sin, is é an beartas cuntasáíochta i dtaca le pinsin ná caitheamh leo mar phlean ranníocaíochta sainithe de réir alt 28.13 de FRS 102. Féach nóta 10 le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil.

De réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, is baill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí iad baill foirne nua a tháinig isteach san Údarás tar éis an 1 Eanáir 2013. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na mball foirne atá páirteach sa scéim. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ranníocaíochtaí ón bhfostóir a aistriú ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 2. Ioncam

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), go n-íocfaidh gnóthais chláráithe tobhach ioncaim leis an Údarás gach ráithe d'fhonn oibríochtaí an Údaráis a chistiú agus soláthar imleor a dhéanamh do theagmhais. Le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2001, socraíodh ráta an tobhaigh ioncaim ag 0.14% den méid inmheasúnaithe a íoctar le gach gnóthas tráchtála agus teoranta in Éirinn. Ba le Rialacháin Tobhaigh (Leasú) an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2010, an laghdaíodh an ráta ina dhiaidh sin go 0.12%. Le hIonstraim Reachtúil 528/2014, Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2014, rinneadh leasú eile ar an tobhach ioncaim, agus an ráta á shocrú ag 0.01% do na blianta 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ón mbliain 2017 i leith.

	2015 €	2014 Athluaite €
Tobhach Ioncaim	235,404	2,805,955
Costais a athghearradh ar an gCiste um Chothromú Fiontar <b>(Nóta 15)</b>	146,089	157,187
Saoráil faisnéise	-	30
	<b>381,493</b>	<b>2,963,172</b>

### 3. Costais Riaracháin

	2015 €	2014 Athluaite €
Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne <b>(Nóta 4)</b>	760,046	762,509
Costais oiliúna	25,863	13,454
Táillí Stiúrthóirí <b>(Nóta 4)</b>	20,948	20,948
Earcaíocht	9,040	16,943
Cíos, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil	79,883	94,921
Comhairleacht <b>(Nóta 5)</b>	455,653	360,466
Árachas	18,979	20,898
Costais Ríomhairí agus Pháipéarachais	28,952	38,028
Costais Riaracháin Eile <sup>4</sup>	36,787	35,557
Faisnéis do Thomhaltóirí <sup>5</sup>	851,758	34,264
Iníúcháireacht	9,200	8,380
Dímheas	42,928	28,559
	<b>2,340,037</b>	<b>1,434,927</b>

<sup>4</sup> Áirítear le Costais Riaracháin Eile €1,095 (2014: €1,328) i dtaca le himeachtaí a bhain leis an bhfoireann agus leis an mbord.

<sup>5</sup> Mhéadaigh an caiteachas ar fhaisnéis do thomhaltóirí sa bhliain 2015 de bharr feachtas faisnéise poiblí ar thug an tÚdarás Árachas Sláinte faoi sna laethanta sular tugadh an rátaíl phobail saoil isteach. B'ionann an costas agus €815,715.

Déantar speansais riaracháin €146,089 (2014: €157,187) i leith an Chiste um Chothromú Fiontar a aisghabháil ón gCiste agus caitear leo mar ioncam (féach **nóta 15**).

Níor caitheadh aon airgead ar thaisteal thar lear sa bhliain (2014: nialas).

### 4. Táillí Stiúrthóirí agus Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh/Chláraitheora

Ba iad seo a leanas na táillí a bhí iníoctha le Baill aonair den bhord don bhliain 2015: Jim Joyce (Cathaoirleach), €8,978 (2014: €8,978) Dónall Curtin €5,985 (2014: €5,985), Sheelagh Malin €5,985 (2014: €5,985), Paul Turpin €0 (2014: €0), An tOllamh Anthony Staines €0 (2014: €0). Níor íodadh speansais ar bith le baill an bhoird.

Ba é tuarastal Don Gallagher, an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (an 'PF/C'), don bhliain 2015 ná €85,127 (2014: €2,330 - ceapadh é an 7 Nollaig 2014). Fuair an PF/C liúntas taistil agus cothaithe dar luach €416 (2014: €0). Tá teidlíochtaí pinsin an PF/C i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe na seirbhíse poiblí. Ní bhfuair an PF/C aon pheorcaisí ná sochair sa bhliain 2015.

Ba é líon na mball foirne a bhí fostaithe ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2015 ná 10 (2014: 10 nó 9.6 de choibhéis lánaimseartha). Tuairiscíonn an tÚdarás go bhfuil 11 bhall foirne aige faoin gcreat rialaithe fostaíochta.



## 5. Costais Chomhairleachta

	2015 €	2014 Athluaite €
Cuntasaíocht	58,417	41,060
Seirbhísí Achtúireacha	125,995	142,145
Seirbhísí Dlí	22,909	23,609
Cumarsáid	48,178	44,280
Taighde	43,081	24,418
Aoisliúntas	1,740	1,220
Seirbhísí Aistriúcháin	2,186	2,662
Comhairleacht eacnamaíoch <sup>6</sup>	153,147	81,072
	<b>455,653</b>	<b>360,466</b>

<sup>6</sup> Ba é an chúis phríomha leis an gcaiteachas méadaithe comhairleachta eacnamaíche idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2015 ná an obair bhreise a rinneadh i leith an phróisis fhorghníomhaíochta le haghaidh na Scéime um Chothromú Fiontar, 2016.

## 6. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh Ríomhairí	Feisteas Oifige, Troscán & Trealamh	Forbairt Suíomh Gréasáin	Feistiú Oifige	Iomlán
	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>					
Ag an 31 Nollaig 2014	58,903	328,354	87,888	51,383	526,528
Breiseanna le linn na bliana	19,957	547	14,437	-	34,941
Diúscairtí le linn na bliana	(9,804)	-	-	-	(9,804)
Ag an 31 Nollaig 2015	69,056	328,901	102,325	51,383	551,665
<b>Dímheas</b>					
Ag an 31 Nollaig 2014	45,768	322,058	54,126	12,251	434,203
Muirear don bhliain	12,161	1,985	18,505	10,277	42,928
Dímheas ar dhiúscairtí	(9,804)	-	-	-	(9,804)
Ag an 31 Nollaig 2015	48,125	324,043	72,631	22,528	467,327
<b>Glanluach Leabhar</b>					
Ag an 31 Nollaig 2015	20,931	4,858	29,694	28,855	84,338
Ag an 31 Nollaig 2014	13,135	6,296	33,762	39,132	92,324
<b>I leith na bliana roimhe</b>					
<b>Costas</b>					
Ag an 31 Nollaig 2013	54,150	328,354	51,080	49,005	482,589
Breiseanna le linn na bliana	8,024	-	36,808	2,378	47,210
Diúscairtí le linn na bliana	(3,271)	-	-	-	(3,271)
Ag an 31 Nollaig 2014	58,903	328,354	87,888	51,383	526,528
<b>Dímheas</b>					
Ag an 31 Nollaig 2013	42,830	320,123	43,512	2,450	408,915
Muirear don bhliain	6,209	1,935	10,614	9,801	28,559
Dímheas ar dhiúscairtí	(3,271)	-	-	-	(3,271)
Ag an 31 Nollaig 2014	45,768	322,058	54,126	12,251	434,203
<b>Glanluach Leabhar</b>					
Ag an 31 Nollaig 2014	13,135	6,296	33,762	39,132	92,325
Ag an 31 Nollaig 2013	11,320	8,231	7,568	46,555	73,674

## 7. Réamhíocaíochtaí agus méideanna infhaighte eile

	2015 €	2014 Athluaite €
Ioncam tobhaigh infhaighte <b>(Nóta 2)</b>	59,166	698,258
Ús fabhráithe	23,270	16,425
Réamhíocaíochtaí agus Méideanna Infhaighte Eile	33,057	48,661
Cártaí Taistil	-	566
An Ciste um Choithromú Fiontar	170,409	183,625
	<b>285,902</b>	<b>947,535</b>

## 8. Dliteanais reatha (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)

	2015 €	2014 Athluaite €
Méideanna iníoctha trádála agus fabhrúithe	145,110	148,304
Soláthar pinsean <b>(Nóta 10)</b>	1,678,990	1,508,743
Tobhach pinsin	4,237	2,041
Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí	635	151
ÍMAT/ÁSPC	28,114	13,089
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	5,170	25,046
Cánachas Breisluacha	25,442	10,038
	<b>1,887,698</b>	<b>1,707,412</b>

## 9. Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Tá oifigí ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte i dTeach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6 ar chostas €50,000 in aghaidh na bliana. Chuaigh an tÚdarás i mbun léas 10 mbliana le haghaidh na n-oifigí i mí na Bealtaine 2012.

Ag deireadh na bliana, tá na ceangaltais bhliantúla seo a leanas ag an Údarás. Tá siad dlite mar seo a leanas:

	2015 €	2014 Athluaite €
Laistigh de bhliain amháin	50,000	50,000
Níos déanaí ná bliain amháin ach laistigh de 5 bliana	200,000	200,000
Níos déanaí ná 5 bliana	100,000	150,000
	<b>350,000</b>	<b>400,000</b>

## 10. Soláthar Sochar Scoir

Tá scéim pinsean sochair shainithe i bhfeidhm ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus cheadaigh an tAire Sláinte agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í an 3 Iúil 2014. Tá Scéim Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí dréachtaithe ag an Údarás, agus é bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí, agus táthar ag fanacht le cead a fháil ón Aire Sláinte agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina leith.

Déantar ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón bhfostóir, ar ráta 25% ó Iúil 2006 (16.66% roimhe seo) de phá inphinsin agus gearrtar iad ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim. Coinnítear na ranníocaíochtaí carntha don dá scéim do chuntas an Aire Sláinte. Tá an tAire sásta an tÚdarás a aisíoc maidir le sochair a eascraíonn faoin scéim.

Beidh teidlíochtaí sochair fostaithe ina bhfeidhm dá seirbhís leis an Údarás agus dá seirbhís roimhe sa státseirbhís nó sa tseirbhís poiblí, nuair is cuí. Ní fhaigheann an tÚdarás cistiú i leith na dteidlíochtaí sochair sin. Ní dócha go mbeidh oibleagáid ar an Údarás acmhainní a chuimsíonn sochair eacnamaíocha (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí ón bhfostóir) a aistriú le haghaidh sochar atá iníoctha le baill. Níltear ag súil leis go dtiocfaidh riosca achtúireach ná riosca infheistíochta aníos i gcás an Údaráis.

Mar thoradh air sin, ní mheastar go bhfuil feidhm ag na ceanglais in FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh breise riachtanach.

Tá na ranníocaíochtaí seo a leanas san áireamh sa cheannteideal "Tuarastail agus Costais Foirne"  
**(Nóta 3):**

	2015 €	2014 Athluaite €
I dtús na tréimhse	1,508,743	1,337,805
Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe	24,422	30,614
Ranníocaíochtaí ón bhFostóir	145,825	140,324
<b>Iomlán</b>	<b>1,678,990</b>	<b>1,508,743</b>

Chomh maith leis sin, baineadh €34,969 sa bhliain 2015 ón bhfoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

Sa bhliain 2015, baineadh méid €5,241 ón bhfoireann i leith Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus aistríodh í chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 11. Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

	2015 €	2014 Athluaite €
I dtús na bliana	11,732,584	10,117,615
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	(1,906,936)	1,614,969
<b>Cúlchistí coinnithe ag deireadh na bliana</b>	<b>9,825,648</b>	<b>11,732,584</b>

## 12. An tAistriú chuig FRS 102

Ba í seo an chéad bhliain inar chuir an tÚdarás a thorthaí i láthair faoi FRS 102. Ba don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 a bhí na ráitis airgeadais deiridh faoin gcleachtas cuntasaoíochta a raibh glacadh leis in Éirinn. Ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe chuig FRS 102. Is leagtha amach thíos atá na coigeartuithe a réitíonn na cúlchistí iomlána amhail an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 agus an barrachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 idir an cleachtas cuntasaoíochta a raibh glacadh leis in Éirinn a tuairiscíodh roimhe sin agus FRS 102.

### Réiteach na gCúlchistí

	1 Eanáir 2014 Athluaite €	31 Nollaig 2014 Athluaite €
Cúlchistí (mar a tuairiscíodh roimhe)	10,156,277	11,773,393
Fabhrú pá saoire (Coigeartú 1)	(38,662)	(40,809)
<b>Cúlchistí athluaite</b>	<b>10,117,615</b>	<b>11,732,584</b>

## An tAistriú chuig FRS 102 (ar lean)

### Réiteach an Bharrachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

Barrachas (mar a tuairiscíodh roimhe)	1,617,116
Méadú ar fhabhrú pá saoire (Coigeartú 1)	[2,147]

---

<b>Barrachas athluaite</b>	<b>1,614,969</b>
----------------------------	------------------

---

### Coigeartú 1: Pá Saoire

Níor fhabhraigh an tÚdarás Árachas Sláinte pá saoire ar thuill fostaithe é agus nár bhain siad leas as faoi dháta an tuairiscithe. Faoi FRS 102, ní mór fabhrúithe den sórt sin a bheith aitheanta sna ráitis airgeadais.

Is é tionchar an athraithe sin ná méadú €38,662 ar chreidiúnaithe ag dáta an aistrithe agus méadú €40,809 ag an 31 Nollaig 2014. Laghdaigh an barrachas faoi €2,147 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

## 13. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais maidir le caiteachas caipitil ann ag an 31 Nollaig 2015.

## 14. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

I measc an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás, tá an PF/C agus na Baill de Bhord an Údaráis. B'ionann agus €106,491 (2014: €121,693) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lenar áiríodh táillí agus speansais na mBall den Bhord agus luach saothair iomlán an PF/C. Féach **Nóta 4** chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir leis na treoirínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill an Údaráis agus tá an tÚdarás tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag baill den bhord iontu.

## 15. An Ciste um Chothromú Fiontar

Déantar foráil san Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, go mbeidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an 'Ciste') ar bun ón 1 Eanáir 2013. Déanann árachóirí íocaíochtaí Dleacht Stampa i gcás polasaithe a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead sin chuig an gCiste. Déanann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna um Chothromú Fiontar a íoc, thar ceann tomhaltóirí, leis na gnóthais árachais sláinte ón gCiste. Déantar ráitis airgeadais ar leith a ullmhú i leith an Chiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a choimeád ar bun.

Níl aon fhostaithe ann atá fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr an tÚdarás costas iomlán €146,089 (2014: €157,187) i leith an Chiste don bhliain 2015, mar seo a leanas:

Cineál costais	Iomlán a athghearradh ar an gCiste	Iomlán a athghearradh ar an gCiste
	2015 €	2014 Athluaite €
Tuarastail agus costais foirne	116,464	123,938
Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil	11,379	14,653
Costais ríomhairí agus pháipéarachais	4,260	4,183
Costais riaracháin eile	13,754	14,413
Costais chomhairleachta eile	232	-
	<b>146,089</b>	<b>157,187</b>

## 16. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag Baill an Údaráis an 16 Meitheamh 2016.

# An Ciste um Chothromú Fiontar Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

## 5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

### Chuíg an Aire Sláinte

De réir théarmaí an Achta Árachais Sláinte, 1994, (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachais Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar le haghaidh na tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoi do bhráid.

## An Ciste um Chothromú Fiontar ("an Ciste") Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

### Clár Ábhar

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	47
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí	49
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe	50
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	51
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim	52
Nótaí	53



# An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ciste um Chothromú Fiontar

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim, agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 11D(8) den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

## Freagrachtaí an Údaráis Árachas Sláinte

Tá an tÚdarás Árachas Sláinte freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

## Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis Árachas Sláinte chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhírítis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar idirbhearta an Chiste don bhliain 2015; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Údaráis Árachas Sláinte chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



---

### Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
24 Meitheamh 2016

## An Ciste um Chothromú Fiontar

### Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis Árachas Sláinte

Le hAlt 11D(8) den Acht Árachais Sláinte, 1994, (arna leasú) (an 'tAcht'), ceanglaítear ar an Údarás Árachas Sláinte (an 'tÚdarás') ráitis airgeadais a ullmhú. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A lua cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin, agus an chúis leis an imeacht, a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an 'Ciste') ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Ciste nó go n-áirithíonn an Ciste go gcoimeádtar taifid chuí chuntasaíochta ina dtugtar míniú agus taifeadadh ceart ar idirbhearta an Chiste, lenar féidir sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a dhéanamh amach go measartha cruinn ag am ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní an Chiste a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



---

**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



---

**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	an 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015	an 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2014
		€'000	€'000
<b>Ioncam</b>			
Dleacht Stampa	2	638,516	570,344
<b>Caiteachas</b>			
Creidmheas préimhe um chothromú fiontar	3	512,512	479,228
Creidmheas úsáide leapa ospidéil	4	95,669	79,128
Costais foirne agus costais eile	5	161	183
Caiteachas iomlán		608,342	558,539
<b>Barrachas ioncaim thar chaiteachas</b>		<b>30,174</b>	<b>11,805</b>
Ioncam Infheistíochta		22	211
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>30,196</b>	<b>12,016</b>
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i dtús na bliana		(11,288)	(23,304)
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim ag deireadh na bliana		18,908	(11,288)

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann, seachas na cinn a ndéileáiltear leo sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Tá nótaí 1 go 11 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail  
an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Taiscí gearrthéarmacha		227,744	173,314
Banc		250	17
Réamhíocaíochtaí agus méideanna infhaighte eile	6	175,675	174,019
		403,669	347,350
<b>Dlíteanais Reatha (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)</b>			
Méideanna iníoctha agus fabhruithe	7	(336,761)	(326,234)
Soláthairtí	8	(48,000)	(32,404)
		(384,761)	(358,638)
<b>Glansócmhainní/ (Glandlíteanais)</b>		<b>18,908</b>	<b>(11,288)</b>
<b>Ionadaithe ag</b>			
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		18,908	(11,288)



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach

16 Meitheamh 2016  
Dáta



**Sean Coyle**  
Ball

Tá nótaí 1 go 11 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
<b>Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		30,196	12,016
Ús bainc infhaighte		(22)	(211)
Méadú ar mhéideanna infhaighte	6	(1,656)	(14,197)
Méadú ar mhéideanna iníochta	7 & 8	26,123	61,958
		<b>54,641</b>	<b>59,566</b>
<b>Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Ús bainc faighte		22	211
		<b>54,663</b>	<b>59,777</b>
<b>Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim</b>			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir		173,331	113,554
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig		227,994	173,331



**Sheelagh Malin**  
Cathaoirleach Gníomhach



**Sean Coyle**  
Ball

16 Meitheamh 2016  
Dáta

Tá nótaí 1 go 11 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# An Ciste um Chothromú Fiontar

## Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Mura luaitear a mhalairt, cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain a chuirtear i láthair. Ghlac an tÚdarás Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (“FRS 102”), “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” den chéad uair sa bhliain reatha. Ós rud é nach raibh aon choigeartuithe ábhartha ann ar ghlacadh FRS 102 sa bhliain reatha, ní dhearna an t-aistriú chuig FRS 102 aon difear do staid airgeadais ná d’fheidhmíocht airgeadais an Chiste i dtaca le ráitis airgeadais na bliana roimhe.

#### Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe na cuntasaíochta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo.

Cuirtear ráitis airgeadais an Chiste i láthair in Euro (“€”), arb é airgeadra feidhmeach an Chiste é.

Bunaíodh an Ciste faoi Alt 11D den Acht. Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte an Ciste ar bun agus is é an tÚdarás a dhéanann an Ciste a riar agus a choimeád ar bun. Foráiltear leis an Acht go n-íocfar isteach sa Chiste gach dleacht stampa arna íoc de bhua Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, i ndáil le conarthaí a thosaíonn an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

#### Áirítear iad seo a leanas le híocaíochtaí amach ón gCiste:

- Creidmheas préimhe um chothromú fiontar – Faigheann gnóthais chlárartha (árachóirí sláinte) préimheanna níos airde i ndáil le grúpaí áirithe lena mbaineann ardfhiontar bunaithe ar aois agus ar inscne, ach is é an Ciste a íocann na méideanna breise a ghearrtar leis na gnóthais chlárartha thar ceann árachaithe ionas nach mbeidh tionchar ag aois ná ag inscne ar ghlaníocaíocht an áracháí.
  - Creidmheas úsáide leapa ospidéil – íocaíocht a dhéanann an Ciste le gnóthais chlárartha thar ceann árachaithe chun freastal ar chuid de gach éileamh árachais sláinte a bhaineann le híocaíochtaí as fanachtaí cáilitheacha thar oíche i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh nó in ospidéil a chistítear go poiblí.
- Déantar foráil san Acht don Scéim um Chothromú Fiontar 2013-2015. Ghlac sí áit na Scéime Eatramhaí um Chothromú Fiontar a bhain le creidmheasanna cánach aoischoibhneasa agus le tobhach rátáil phobail. Bhí an Scéim Eatramhach i bhfeidhm ón mbliain 2009 agus bhí sí á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim.

#### Tréimhse Chuntasaíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

#### Income

Aithnítear ioncam Dleacht Stampa sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais sláinte ábhartha. Glactar leis go maireann an téarma sin dhá mhí dhéag i ngach cás. Déanann gnóthais chlárartha dleacht stampa ar pholasaithe a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste ina dhiaidh sin. Déantar fáiltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Dleacht stampa fhabhráithe, arb ionann í agus dleacht stampa amuigh atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus na méideanna atá iníoctha ag gnóthais chlárartha i ndáil leis an ráithe dheiridh den bhliain airgeadais. Taifeadtar an méid sin mar mhéid infhaighte don Chiste.
- Is ionann dleacht stampa neamhthuillte agus an céatadán measta de dhleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a fabhraíodh ag deireadh na bliana. Baineann sí le téarma neamhéagtha na gconarthaí árachais sláinte ábhartha ag an dáta tuairiscithe airgeadais. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampa neamhthuillte ag an dáta tuairiscithe airgeadais (féach **Nóta 7** – Méideanna iníoctha agus fabhruithe).

## Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, de réir mar a thabhaítear é.

### Creidmheas Prémhe um Chothromú Fiontar

Taifeadtar creidmheas prémhe um chothromú fiontar ar bhonn fabhráithe. Éilíonn gnóthais chláráithe creidmheas prémhe um chothromú fiontar ón gCiste ar bhonn míosúil. Agus cinneadh á dhéanamh ar an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna atá éilíte ag gnóthais chláráithe agus méideanna atá iníoctha leo sa chás nach raibh siad íoctha ag an dáta tuairiscithe airgeadais.
- Creidmheas prémhe neamhghearrtha um chothromú fiontar – íocann formhór na ndaoine as conarthaí árachais sláinte trí thráthchodanna míosúla nó trí réamhíocaíocht gach bliain. I gcás creidmheasanna a éilítear i ndáil le thráthchodanna míosúla, gearrtar iad sa mhí lena mbaineann an t-éileamh. I gcás creidmheasanna a éilítear i ndáil le polasaithe a réamhíoctar astu, gearrtar iad go haonfhoirmeach thar dhá mhí dhéag an chonartha árachais sláinte. Ag an dáta tuairiscithe airgeadais, is mar mhéid infhaighte a aithnítear aon mhéideanna atá íoctha le gnóthais chláráithe ach nach bhfuil gearrtha go fóill (Féach **Nóta 3**).

### Creidmheas Úsáide Leapa Ospidéil

Taifeadtar an creidmheas úsáide leapa ospidéil ar bhonn fabhráithe. Agus cinneadh á dhéanamh ar an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna atá éilíte ag gnóthais chláráithe agus méideanna atá iníoctha leo sa chás nach raibh siad íoctha ag an dáta tuairiscithe airgeadais.
- Soláthar do chreidmheas úsáide leapa ospidéil i ndáil le fanachtaí san ospidéal sa bhliain airgeadais nach raibh éilíte ag gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis sa soláthar sin go gcaitear líon aonfhoirmeach oícheanta cáilitheacha i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh agus phoiblí ar fud conarthaí árachais sláinte a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn ospidéalú go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. Bíonn an-éagsúlacht ann sa tréimhse shocraíochta le haghaidh éilimh ospidéil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go ndéanfadh gnóthais chláráithe éileamh ar chreidmheas úsáide leapa ospidéil bliain nó níos mó tar éis an fhanachta san ospidéal.

### Breithiúnais Thábhachtacha Chuntasaíochta agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta – Soláthar don Chreidmheas Úsáide Leapa Ospidéil

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, d'fhéadfadh gur ghá úsáid a bhaint as meastacháin agus as toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas atá tuairiscithe. Déantar measúnacht leanúnach ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le heachtraí atá le teacht agus a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Toisc go mbaineann breithiúnais ón lucht bainistíochta le meastachán a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfadh eachtraí amach anseo chun cinn, d'fhéadfadh torthaí iarbhir bheith éagsúil leis na meastacháin sin agus d'fhéadfadh an éagsúlacht sin dul i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas sa todhchaí.

Creideann an lucht bainistíochta gur cuí atá na buntoimhdí a úsáideadh agus, dá bhrí sin, go gcuirtear feidhmíocht agus staid airgeadais an Chiste i láthair go cóir sna ráitis airgeadais. Meastar gur ag na toimhdí agus ag na breithiúnais seo a leanas i dtaca leis an soláthar don chreidmheas úsáide leapa ospidéil a bhí an tionchar ba shuntasá ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

Ba mar €48 milliún (2014: €32.404 milliún) a ríomhadh an soláthar don chreidmheas úsáide leapa ospidéil ag deireadh mhí na Nollag 2015. Bhain an soláthar sin le fanachtaí cáilitheacha san ospidéal a tharla an 31 Márta 2013 nó roimh an dáta sin agus nach raibh éilíte ag gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis sa soláthar sin

- go gcaitear líon aonfhoirmeach oícheanta i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh agus phoiblí ar fud conarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus



- go dtarlaíonn ospidéalú go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. Bíonn an-éagsúlacht ann sa thréimhse shocraíochta le haghaidh éilimh ospidéil, áfach. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go ndéanadh gnóthais chláráithe éileamh ar chreidmheas úsáide leapa ospidéil bliain nó níos mó tar éis an fhanachta san ospidéal.

## 2. Ioncam

Déanann gnóthais chláráithe íocaíochtaí dleacht stampa i gcás árachas sláinte a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead sin chuig an gCiste um Chothromú Fiontar.

	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
Dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste	641,522	581,709
Gluaiseacht na dleachta stampa a bhí infhaighte sa bhliain	4,425	11,134
Gluaiseacht na dleachta stampa neamhthuillte sa bhliain	(7,431)	(22,499)
	<b>638,516</b>	<b>570,344</b>

## 3. Creidmheas préimhe um chothromú fiontar

	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe	512,260	472,652
Gluaiseacht an chreidmheasa préimhe um chothromú fiontar a bhí iníoctha le gnóthais chláráithe sa bhliain	(2,480)	9,612
Gluaiseacht an chreidmheasa préimhe neamhghearrtha um chothromú fiontar sa bhliain	2,732	(3,036)
	<b>512,512</b>	<b>479,228</b>

## 4. Creidmheas úsáide leapa ospidéil

	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe	74,472	49,287
Gluaiseacht an chreidmheasa úsáide leapa ospidéil a bhí iníoctha le gnóthais chláráithe sa bhliain	5,601	9,560
Gluaiseacht an tsoláthair don chreidmheas úsáide leapa ospidéil sa bhliain	15,596	20,281
	<b>95,669</b>	<b>79,128</b>

## 5. Costais foirne agus costais eile

	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
<b>Costais athghearrtha an Údaráis Árachas Sláinte:</b>		
Tuarastail agus costais foirne	110	119
Costais oiliúna	4	2
Táillí Stiúrthóirí	4	2
Cíos, muirear seirbhíse agus cothabháil	11	16
Árachas	3	3
Ríomhairí agus Páipéarachas	6	4
Costais riaracháin eile	4	7
Dímheas	6	4
	<b>148</b>	<b>157</b>
<b>Costais a gearradh go díreach ar an gCiste:</b>		
Comhairleacht	7	9
Iníúcháireacht	3	13
Costais Dlí	1	2
Árachas	2	2
	13	26
	<b>161</b>	<b>183</b>

Ullmhaítear an costas atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2015 ach úsáid a bhaint as bonn fabhrúithe na cuntasáíochta. B'ionann agus €146,089 na costais iarbhír a thabhaigh an tÚdarás thar ceann an Chiste sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 (2014: €157,187).

## 6. Réamhíocaíochtaí agus méideanna infhaighte eile

	<b>2015</b> €'000	<b>2014</b> €'000
Creidmheas préimhe neamhghearrtha um chothromú fiontar	48,484	51,216
Dleacht stampa fhabhrúithe a bhí infhaighte	127,191	122,766
Ioncam infheistíochta fhabhrúithe	-	37
	<b>175,675</b>	<b>174,019</b>

## 7. Méideanna iníoctha agus fabhraithe

	2015 €'000	2014 €'000
Dleacht stampa neamhthuillte	237,555	230,123
Creidmheas préimhe um chothromú fiontar a bhí iníoctha	79,651	82,131
Creidmheas úsáide leapa ospidéil a bhí iníoctha	19,383	13,781
An tÚdarás Árachas Sláinte	172	183
Speansais fhabhraithe	-	16
	<b>336,761</b>	<b>326,234</b>

## 8. Soláthairtí – Creidmheas úsáide leapa ospidéil

	2015 €'000	2014 €'000
I dtús na bliana	32,404	12,123
A tháinig chun cinn le linn na bliana	93,670	84,128
A úsáideadh le linn na bliana	(80,074)	(58,847)
Gluaiseacht i méideanna neamhúsáidte	2,000	(5,000)
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>48,000</b>	<b>32,404</b>

## 9. Staid Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar

I gcomparáid le barrachas €12.0m sa bhliain 2014, léirítear barrachas €30.2m sa bhliain 2015 sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim. Cuirtear aon bharrachas nó aon easnamh a thagann chun cinn i leith tréimhsí conartha reatha agus san am atá thart san áireamh agus moltaí á ndéanamh don Aire ar chreidmheasanna um chothromú fiontar agus ar dhleacht stampa.

Bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar fiú €227.7m iad (2014: €173.3m) ag an gCiste um Chothromú Fiontar ag an 31 Nollaig 2015.

## 10. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

I measc an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás, tá an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (an "PF/C") agus na Baill de Bhord an Údaráis. B'ionann agus €106,491 (2014: €121,693) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena áiríodh táillí agus speansais na mBall den Bhord agus luach saothair iomlán an PF/C. Ba ar an gCiste a gearradh €15,116 den chúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta sa bhliain 2015 (2014: €18,595).

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill an Údaráis agus tá an tÚdarás tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste a raibh leas ag baill den Údarás iontu.

## 11. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag Baill an Údaráis an 16 Meitheamh 2016.

## Aguisín A

Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2015

Tábla 1: Árachaithe <sup>7</sup><sup>8</sup>

An Bhliain dar Críoch	Líon Iomlán na nÁrachaithe (000s)	Clúdach Árachais Sláinte Phríobháidigh mar % den Daonra
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.2%
Nollaig 2005	2,115	50.4%
Nollaig 2006	2,174	50.3%
Nollaig 2007	2,245	50.5%
Nollaig 2008	2,297	50.9%
Nollaig 2009	2,260	49.7%
Nollaig 2010	2,228	48.8%
Nollaig 2011	2,163	47.2%
Nollaig 2012	2,099	45.7%
Nollaig 2013	2,049	44.6%
Nollaig 2014	2,025	43.9%
Nollaig 2015	2,122	45.8%

<sup>7</sup> Baineann na figiúirí go léir leis an margadh árachais sláinte phríobháidigh ar fad, i.e. rollú oscailte agus gnóthais theoranta.

<sup>8</sup> Tá na figiúirí daonra bunaithe ar mheastacháin daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

**Tábla 2: Ioncam Prémhe**

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)	Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9	2009	1,846.7
2003	978.2	2010	1,949.1
2004	1,061.1	2011	2,061.4‡
2005	1,152.7	2012	2,240.7‡
2006	1,299.5	2013	2,388.5‡
2007	1,477.8	2014	2,444.9‡
2008	1,652.2	2015	2,462.4‡

‡ tá HSF ar áireamh sna figiúirí seo ó 2011 nuair a bhí sé cláraithe ar dtús leis an Údarás

**Tábla 3: Sciartha den Mhargadh+**

Nollaig	Aviva Health* %	Laya Healthcare** %	Vhi um Chúram Sláinte %	GloHealth %	Gnóthais Bhallraíochta Teoranta*** %
2001	–	13%	82%	–	5%
2002	–	15%	80%	–	5%
2003	–	17%	78%	–	5%
2004	–	19%	76%	–	5%
2005	1%	21%	74%	–	4%
2006	3%	21%	72%	–	4%
2007	5%	21%	70%	–	4%
2008	8%	22%	67%	–	4%
2009	10%	23%	63%	–	4%
2010	14%	21%	62%	–	4%
2011	18%	21%	57%	–	4%
2012	17%	22%	56%	1%	4%
2013	15%	23%	54%	4%	4%
2014	15%	23%	53%	5%	4%
2015	14%	26%	51%	5%	4%

+ Líon na n-árachaithe a bhfuil cumhdach othair chónaithe acu

\* Maidir le 2007 agus le blianta níos luaithe, baineann na sonraí le VIVAS Health.


\*\* Maidir le 2012, is ionann na sonraí agus suim na sciartha den mhargadh a bhí ag Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán) agus Elips Insurance Ltd. Baineann sonraí na mblianta roimhe le Quinn Healthcare nó (2006 agus níos luaithe) le BUPA Ireland.

\*\*\* Cuimsíonn siad sin Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus na nOifigeach Príosún.

## Aguisín B

### Éagsúlacht éilimh de réir aoise

#### Éilimh a bhí ar áireamh i dTuirisceáin in aghaidh an Áracháí in 2015



## Aguisín C

### Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Léirítear sa tábla seo a leanas an t-athrú atá tagtha ar struchtúr aoise an mhargaidh ó dheireadh na bliana 2012 i leith. Tá na táblaí sa chuid seo bunaithe ar thuaisceáin faisnéise a fhaightear ó Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte. Tá na sonraí sna tuaisceáin seo éagsúil le sonraí a bhí san áireamh i dtáblaí roimhe seo ar an tslí nach gcuirtear na daoine seo a leanas san áireamh: daoine atá sa tréimhse tosaigh feithimh, daoine a bhfuil árachas acu ó Ghnóthais Bhallraíochta Teoranta, agus daoine a bhfuil árachas acu ó tháirgí nach bhfuil faoi réir dleacht stampa árachais sláinte agus na gcreidmheasanna sláinte aoischoibhneasa.

Líon na nÁrachaithe ina mhílte				
Aoisghrúpa	2012	2013	2014	2015
0-17	479	462	454	475
18-29	230	211	203	210
30-39	312	295	281	297
40-49	302	296	293	322
50-59	266	263	261	276
60-69	211	215	217	224
70-79	114	119	125	132
80+	46	49	52	55

Léirítear sa tábla seo a leanas an tslí a raibh sciartha den mhargadh éagsúil de réir aoise ag deireadh na bliana 2015. Déantar tagairt sa tábla thíos do Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte amháin agus ní bhaineann sé le Gnóthais Bhallraíochta Teoranta.

Aoisghrúpa	Aviva Health %	Laya Healthcare %	Vhi um Chúram Sláinte %	GloHealth %
0-49	15%	28%	49%	7%
50-59	17%	26%	54%	3%
60-69	15%	26%	56%	2%
70-79	10%	20%	69%	1%
80+	6%	10%	83%	1%
lomlán	15%	27%	53%	5%



## Aguisín D

### Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2015

#### Gnóthais Bhallraíochta Oscailte

1. Aviva Health Insurance Ireland Limited (ag trádáil mar Aviva Health);
2. Elips Versicherungen AG (Elips Insurances Ltd.) (ag trádáil mar Laya Healthcare);
3. Great Lakes Reinsurance (an Ríocht Aontaithe) PLC (ag trádáil mar GloHealth);
4. H.S.F. Health Plan Limited (ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
5. CGA Vhi um Árachas (ag trádáil mar Vhi um Chúram Sláinte);
6. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

#### Gnóthais Bhallraíochta Teoranta

7. Ciste Coigilitis Mhíochaine Foirne Bhord Soláthair an Leictreachais;
8. Cumann Míochaine Saorálach Goulding;
9. Ciste Carthanachta Foirne Allamuigh Chuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt;
10. Cumann Cúnaimh Mhíochaine Chuideachta Bheatha na hÉireann;
11. Ciste Carthanachta Foirne Chomhlacht na hÉireann um Árachas;
12. Cumann Cúnaimh Mhíochaine na nOifigeach Príosúin; agus
13. Cumann Cúnaimh Mhíochaine Naomh Pól an Gharda Síochána.

## Aguisín E

### Freastal ar Chruinnithe de chuid an Údaráis sa bhliain 2015

Ball Údaráis	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu <sup>9</sup>
An tUasal Jim Joyce, Cathaoirleach	10
An tUasal Dónall Curtin	9
Sheelagh Malin Uasal	9
An tOllamh Anthony Staines	9
An tUasal Paul Turpin	9

### Freastal ar Chruinnithe de chuid an Choiste Iniúcháireachta sa bhliain 2015

Ball an Choiste Iniúcháireachta	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu <sup>10</sup>
An tUasal Paul Turpin, Cathaoirleach	4
An tUasal Dónall Curtin	4
Sheelagh Malin Uasal	3 <sup>11</sup>

<sup>9</sup> Reáchtáladh deich gcruinniú Údaráis san iomlán sa bhliain 2015.

<sup>10</sup> Reáchtáladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta san iomlán sa bhliain 2015.

<sup>11</sup> Ceapadh Sheelagh Malin Uasal chuig an gCoiste Iniúcháireachta tar éis an chéad chruinniú a bheith ar siúl.

## Aguisín F

### Rátaí Cothromú Fiontar

**Rátaí a bhí i bhFeidhm i gCás Conarthaí a bhí á dTosú/á nAthnuachan ón 1 Márta 2014 go dtí an 28 Feabhra 2015**

*Creidmheasanna Prémhe um Chothromú Fiontar*

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh		Conradh Breisumhdaigh	
	Fireann	Baineann	Fireann	Baineann
60-64	€250	€200	€450	€325
65-69	€575	€400	€1,150	€775
70-74	€925	€625	€1,850	€1,200
75-79	€1,200	€950	€2,500	€1,925
80-84	€1,575	€1,150	€3,200	€2,250
85+	€1,975	€1,325	€4,000	€2,725

Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéal ar fiú €60 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann áracháí san ospidéal.

*Dleachtanna Stampa Rátáil Phobail*

Dleachtanna Stampa Rátáil Phobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh	Conradh Breisumhdaigh
Aosach	€290	€399
Leanbh	€100	€135

## Rátaí a bhí i bhFeidhm i gCás Conarthaí a bhí á dTosú/á nAthnuachan ón 1 Márta 2015 go dtí an 28 Feabhra 2016

*Creidmheasanna Prémhe um Chothromú Fiontar*

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh		Conradh Breisumhdaigh	
	Fireann	Baineann	Fireann	Baineann
60-64	€200	€150	€425	€300
65-69	€525	€350	€1,075	€725
70-74	€825	€600	€1,750	€1,200
75-79	€1,025	€800	€2,250	€1,700
80-84	€1,475	€1,025	€2,975	€2,125
85 +	€1,750	€1,125	€3,725	€2,475

Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €90 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann árachaí san ospidéal.

*Community Rating Stamp Duties*

Dleachtanna Stampa Rátáil Phobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh	Conradh Breisumhdaigh
Aosach (18 mbliana d'aois nó níos sine)	€240	€399
Leanbh (17 mbliana d'aois nó níos óige)	€80	€135

## Rátaí a bhí i bhFeidhm i gCás Conarthaí a bhí á dTosú/á nAthnuachan ón 1 Márta 2016

Creidmheasanna Prémhe um Chothromú Fiontar

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh		Conradh Breisumhdaigh	
	Fireann	Baineann	Fireann	Baineann
64 bliana d'aois nó níos óige	€0	€0	€0	€0
65-69	€575	€375	€1,125	€800
70-74	€900	€675	€1,800	€1,300
75-79	€1,175	€850	€2,550	€1,900
80-84	€1,550	€1,100	€3,375	€2,375
85 bliana d'aois nó níos sine	€1,775	€1,250	€4,150	€2,775

Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €90 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann áracháí san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €30 é i leith gach iontrála lae cáilithí a chaitheann áracháí san ospidéal.

Dleachtanna Stampa Rátáil Phobail

Dleachtanna Stampa Rátáil Phobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh	Conradh Breisumhdaigh
Aosach (18 mbliana d'aois nó níos sine)	€202	€403
Leabh (17 mbliana d'aois nó níos óige)	€67	€134

## Aguisín G

### Staitisticí maidir leis an Rátáil Phobail Saoil

B'ionann agus 5,000 an líon saolta a bhí ag íoc lódálacha Rátáil Phobail Saoil sa bhliain 2015.

B'ionann agus €711,000 iomlán na lódálacha Rátáil Phobail Saoil a íocadh sa bhliain 2015.